# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2017
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT
# ARDLEIBHÉAL

# Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht an chuir chuige a ghlacann aon iarrthóir ar leith i gcás aon cheiste, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena scrúdaitheoir comhairleach.

## *INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | **Roinn A** | **3 - 7** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **Coincheapa / Cothromaíocht carranna leictreacha / Ionaid chónaithe phríobháideacha** | **8 - 11** |
| **2** | **Iomaíocht Fhoirfe / Margadh i gcomhair Bia Ceardaí in Éirinn** | **12 - 14** |
| **3** | **Costais / ÉIC / $MRP_L$ Cúrsaí pá a shocrú san Earnáil Phoiblí** | **15 - 18** |
| **4** | **Ioncam Náisiúnta / Sreabhadh Ciorclach / Úsáidí as staitisticí an Ioncaim Náisiúnta** | **19 - 22** |
| **5** | **Buntáiste Absalóideach agus Comparáideach / Cosaint Trádála / Téarmaí Trádála** | **23- 26** |
| **6** | **Innéacs Phraghsanna na dTomhaltóirí (IPT) / Boilsciú agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE) / Praghsanna na réadmhaoine cónaithe** | **27 - 31** |
| **7** | **Téarmaí / Príobháidiú / Cur le Smaointeoireacht na heacnamaíochta** | **32 - 36** |
| **8** | **Imirce agus Eisimirce / Daonra méadaithe na hÉireann / Infheistíocht i dtithíocht shóisialta in Éirinn** | **37 - 39** |

# ROINN A (100 marc)

1. Tá brú ar rialtas na hÉireann leibhéil an phá san earnáil phoiblí a thabhairt ar ais go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim airgeadais. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheischostas do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an athchóiriú seo. **(16 mharc)**

Áirítear iad seo le freagraí féideartha:

- **Níos lú cistí ar fáil chun seirbhísí an stáit a fheabhsú** cosúil le seirbhísí sláinte a fheabhsú.
- **Níos lú cistí ar fáil chun tuilleadh fostaithe a chur ag obair sa tseirbhís phoiblí** mar mhúinteoirí, gardaí, altraí, etc.
- **Níos lú cistí ar fáil chun íocaíochtaí leasa shóisialaigh a mhéadú** cosúil le pinsin seanaoise / liúntais eile.
- **Níos lú cistí ar fáil chun rátaí cánach a laghdú** cosúil le rátaí cáin ioncaim nó rátaí CBL.
- **Níos lú cistí ar fáil le hinfheistiú i mbonneagar caipitil** ar nós tithíocht shóisialta a sholáthar.
- **Níos lú cistí ar fáil le cabhrú leis an bhfiachas náisiúnta a aisíoc.**

**2 ar 8 marc an ceann**

**2.** Cuir in iúl le tic (✓) cé acu **FÍOR** nó **BRÉAGACH** atá gach ceann de na ráitis seo a leanas. **(16 marc)**

| RÁITEAS | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|
| Áirítear oibrithe páirtaimseartha mar chuid den lucht saothair. | √ | |
| Is é is quasi-chíos ann ná cíos eacnamaíoch a shaothraíonn toisc táirgeachta san fhadtéarma. | | √ |
| Éiríonn luach margaidh banna atá ann cheana féin má thiteann ráta an úis. | √ | |
| Ciallaíonn Fairsingiú Caipitil go bhfuil an stoc caipitiúil agus an lucht saothair ag méadú ar an ráta céanna. | √ | |

**6 + 4 + 3 + 3**
**An chéad fhreagra ceart: 6 mharc**
**2ú: 4 mharc An 3ú agus an 4ú: 3 mharc an ceann**

**3.** (a) Déan idirdhealú idir Cáin Dhíreach agus Cáin Indíreach **agus** luaigh sampla **amháin** de gach ceann acu. **(16 mharc)**

| | Cáin Dhíreach | Cáin Indíreach |
|---|---|---|
| | Is cánacha iad seo ar gach cineál ioncaim nó rachmais. Íocann an cáiníocóir díreach leis an Rialtas iad. | Is cánacha ar thomhaltas / caiteachas iad. Is cánacha ar cheannach earraí agus seirbhísí iad. Bailíonn idirghabhálaí iad agus íoctar leis an Rialtas iad. |
| Sampla | ÍMAT, Cáin Chorparáide, Cáin Ghnóthachan Caipitiúil. | CBL, dleachtanna máil, dleachtanna stampála. |

**2 mhíniúchán ar 5 mharc an ceann + 2 shampla ar 1 mharc an ceann**

(b) Cén fáth a gceaptar uaireanta go bhfuil Cánacha Indíreacha éagothromasach?

Tá siad éagothrom mar íocann daoine ar ioncam níos ísle cion níos mó dá n-ioncam ar an gcáin.

**4 mharc**

**4.** Luaigh **trí** theorainn le cumhacht na mbanc chun creidmheas a chruthú. **(16 mharc)**

Fáil theoranta ar iasachtaithe oiriúnacha

Cumas teoranta taiscí airgid thirim a mhealladh

Easpa éilimh ar iasachtaí / ar chreidmheas ó chustaiméirí

Éilimh custaiméirí ar airgead tirim/Cóimheasa leachtachta

Rialuithe ón mBanc Ceannais Eorpach/Cóimheasa cúlchistí

Cumas na mbanc caipiteal a ardú ar mhargaí idirnáisiúnta.

**6 mharc + 5 mharc + 5 mharc**

**5.** Nuair a nochtadh pleananna le haghaidh 'Brexit' tharla 'splanc-chliseadh' inar thit luach an Phuint Steirling (£) go géar i gcoinne an Euro (€).
Luaigh agus mínigh **dhá** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an staid thuas ar Gheilleagar na hÉireann. **(16 mharc)**

**Áirítear iad seo le freagraí féideartha:**

**Éiríonn praghsanna easpórtála na hÉireann chuig an RA níos daoire** agus dá bharr sin bíonn éileamh níos lú ar easpórtálacha na hÉireann sa RA / Laghdú ar an éileamh ó earnáil bia talmhaíochta na hÉireann.

**Níos lú turasóirí ón RA ag tabhairt cuairt ar Éirinn** toisc go bhfuil sé níos daoire cuairt a thabhairt ar Éirinn.

**Fostaíocht ag titim** in earnálacha atá nochta do mhargadh na RA (e.g. gnólachtaí dúchasacha bia, turasóireachta).

**Éiríonn praghsanna iompórtála ón RA níos saoire** agus dá bharr sin bíonn éileamh níos mó ar iompórtálacha steirlinge.

**Costais táirgeachta laghdaithe** do ghnólachtaí Éireannacha a iompórtálann ábhair ón RA.

**Infheistíocht dhíreach eachtrach laghdaithe ó ghnólachtaí RA** toisc go bhfuil sé níos daoire orthu é a dhéanamh anois.


**Cruthaítear éiginnteacht** agus nuair a bhítear éiginnte tarlaíonn infheistíocht níos lú.

**Tionchar ar chomhardú na trádála / íocaíochtaí:** má thiteann easpórtálacha agus má ardaíonn iompórtálacha ansin is chun donais a rachaidh comhardú na trádála/comhardú na n-íocaíochtaí.

**2 ar 8 marc an ceann**

**6.** Taispeánann an léaráid thíos gnólacht atá ag feidhmiú faoi choinníollacha na **Monaplachta.**
(a) ) Cuir lipéid ar na línte/cuair ar an léaráid agus
(b) bain úsáid as an léaráid chun **staid chothromaíochta fhadtréimhseach** gnólacht atá i Monaplacht a mhíniú.

**(17 marc)**




**Míniú:**

(i) Cothromaíocht áit a bhfuil CI = II.

(ii) Táirgeann gnólachtaí $C_1$ **agus** díolann siad é ag $P_1$.

(iii) Taispeántar na costais ag $Costas_1$.

(iv) Tuilltear Brabús osnormálta mar MI > MCh **/** is ann do bhacainní ar iontráil.

***nó***

Níl an gnólacht éifeachtúil toisc nach bhfuil sé ag táirgeadh ag an bpointe is ísle

**Léaráid: II, MI (D), CI: 3 ar 2 mharc an ceann**
**Míniú: 11 marc grádaithe**

**7.** (a) Ceannaíonn tomhaltóir 80 aonad d'Earra A nuair a chosnaíonn Earra B €100. Nuair a thiteann praghas Earra B go €90 (fad a fhanann praghas Earra A gan athrú), ceannaíonn an tomhaltóir 120 aonad d'Earra A. Ag baint úsáide duit as an bhfoirmle chuí, ríomh trasleaisteachas an éilimh ar Earra A i gcás an tomhaltóra sin. **(Taispeáin do chuid oibre.)**

(a) An bhfuil Earra A ina earra ionaid nó ina earra comhlántach d'Earra B? Mínigh do fhreagra **(17 marc)**

$$\frac{40}{-10} \times \frac{100 + 90\ (190)}{80 + 120\ (200)}$$

= - 4 x 0.95

= - 3.8

(b) An bhfuil Earra A ina earra ionaid nó ina earra comhlántach d'Earra B? Mínigh do fhreagra.

**Earra Comhlántach** is ea Earra A.

Gabhann **trasleaisteachas an éilimh diúltach** leis. Bogann praghas agus éileamh i dtreonna urchomhaireacha: de réir mar a thiteann praghas Earra B ardaíonn an t-éileamh ar Earra A.

**Oibrithe: 8 mír ar 1 mharc an ceann = 8m. Freagra ceart: 4 mharc (2 + 2)**
**Earra Comhlántach: 2 mharc. Cúis: 3 mharc.**

**8.** Mínigh an dóigh a bhféadfadh na cuspóirí seo a leanas i bpolasaí an Rialtais teacht salach ar a chéile.

**(17 marc)**

**Fás geilleagrach *versus* cothromaíocht i gComhardú na nÍocaíochtaí:**

**Freagra féideartha**

Ciallaíonn fás geilleagrach níos mó fostaíochta agus tuilleadh airgid ag cúrsaíocht sa gheilleagar. Toisc go bhfuil MPM ard ag Éirinn tarlóidh méadú uathoibríoch ar iompórtálacha dá bharr a d'fhéadfadh easnamh i gComhardú na n-íocaíochtaí a chruthú.

**Fás geilleagrach *versus* Polasaí Sóisialta Cóir:**

**Freagra féideartha**

Is minic go dtéann fás geilleagrach chun tairbhe ioncaim na ndaoine is rachmasaí. D'fhéadfadh sé nach bhfuil tairbhí an fháis gheilleagraigh á scaipeadh go cothrom ar fud an gheilleagair. Teastaíonn polasaithe sóisialta cosúil le cánachas etc. chun na tairbhí atá le fás geilleagrach a scaipeadh amach arís.

Sampla féideartha:
D'fhonn polasaí sóisialta cóir a bhaint amach d'fhéadfadh an rialtas cánacha arda a ghearradh ar dhaoine ar ioncam ard agus an t-ioncam sin a aistriú chucu siúd ar leas sóisialach./D'fhéadfadh cánacha arda iallach a chur ar na daoine sin imeacht as an ngeilleagar agus d'fhéadfaidís dá bharr sin cur isteach go tromchúiseach ar an iarracht chun fás geilleagrach a bhaint amach.

**2 choimhlint mínithe: 12 mharc + 5 mharc**
**An chéad fhreagra ceart: 12 mharc**

**9.** Tá rialtas na hÉireann ag smaoineamh ar tháillí teagaisc faoi choinne an oideachais tríú-leibhéil a thabhairt ar ais. Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta **amháin** agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** don gheilleagar a d'fhéadfadh a bheith ag roinnt leis seo:

**(17 marc)**

**Buntáistí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann:**

**Costas laghdaithe ar na cáiníocóirí**
Laghdaítear costas an stáit do gach mac léinn a fhreastalaíonn ar Institiúidí Ardoideachais agus mar sin ní gá don cháiníocóir an méid sin a íoc. Ní chuirfear míshásamh ar na cáiníocóirí nach dtéann chuig institiúidí 3ú leibhéal toisc nach gá dóibh an costas a íoc.

**Deischostais**
Cuireann soláthar ardoideachais in aisce brú mór ar airgead an rialtais, a d'fhéadfaí a úsáid ar bhealach níos fearr i réimsí eile (e.g. sláinte, leas sóisialach, gairmoiliúint, airgead a sholáthar chun taighde a fhorbairt in ardoideachas, printíseachtaí).

**Dreasachtaí**
Nuair a ghearrtar táillí athraítear na dreasachtaí a bhíonn os comhair mic léinn ionchais.
I gcás na mac léinn sin a bhfeilfeadh gairmeacha beatha dóibh nach dteastaíonn oideachas Institiúidí Ardoideachais lena n-aghaidh, d'fhéadfadh drochmhisneach a bheith orthu faoi tháillí agus d'fhéadfaidís ina ionad sin deiseanna a thapú le dul i mbun gairmoiliúna nó printíseachtaí.

**Níos mó rannphháirtíochta leis an gcúrsa**

I gcás na mac léinn sin a fhreastalaíonn ar na hInstitiúidí Ardoideachais, d'fhéadfadh an riachtanas táillí a íoc iad a spreagadh le bheith níos rannpháirtí ina gcúrsa agus chun gnóthachtáil níos fearr ar bhonn acadúil/Buntáiste príobháideach a bhaineann le hardoideachas agus íocann an té a bhainfidh tairbhe as.

**Cothroime**
Is minic le céimithe ó Institiúidí Ardoideachais dul isteach i ngairmeacha a íocann níos fearr ná cinn eile. Tá níos mó seans ann freisin go gcuirfidh céimithe ó Institiúidí Ardoideachais leis an méid a thuilleann siad ar feadh a ngairme beatha. Dá bhrí sin, toisc gurb iadsan is mó a bhaineann tairbhe as oideachas Institiúidí Ardoideachais, is amhail is córa do mhic léinn íoc as a gcuid oideachais.

**Maoiniú d'Institiúidí Ardoideachais**
Is féidir le táillí teagaisc a bheith ina bhfoinse nua ioncaim d'Institiúidí Ardoideachais, rud lenar féidir infheistíocht a dhéanamh i níos mó taighde, saoráidí níos fearr, níos mó roghanna cúrsaí dírithe ar na riachtanais sa tionscal, tuilleadh foirne, etc. Cruthaíonn sé sin buntáistí i dtéarmaí chaighdeán an taighde agus an oideachais a sholáthraítear.

### Mhíbhuntáistí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann:

**Fiachas méadaithe ar dhaoine aonair**
I gcás go gcaithfidh mic léinn dul i bhfiacha chun táillí teagaisc a chumhdach, d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige sin ar chaitheamh agus ar rochtain ar chreidmheas sa todhchaí.

**D'fhéadfadh éagothroime níos mó eascairt as seo**
D'fhéadfadh táillí teagaisc a bheith ina ndídhreasú nó d'fhéadfaidís cosc a chur orthu siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste tabhairt faoi oideachas tríú leibhéal. D'fhéadfadh éagothroime níos mó tarlú de bharr laghdú dá bharr sin ar shoghluaisteacht shóisialta.

**Seachtrachtaí dearfacha laghdaithe**
Cruthaíonn oideachas tríú leibhéal, trí na nuálaíochtaí agus an saineolas a chruthaítear leis, tairbhí seachtracha (i.e. tairbhí nach mbaineann an mac léinn leas díreach astu, ach a mbaineann an tsochaí i gcoitinne buntáiste astu).
Nuair a laghdaítear líon na ndaoine atá toilteanach tabhairt faoi oideachas tríú leibhéal, d'fhéadfadh na táillí líon na seachtrachtaí dearfacha a laghdú freisin cosúil le scileanna an daonra agus d'fhéadfaí suíomh na hinfheistíochta dírí eachtraí a dhíspreagadh freisin.

**An bonn a bhaint de réimsí disciplín áirithe a chruthaíonn tairbhí sóisialta**
D'fhonn a chinntiú go dtuilltear dóthain ioncaim sa todhchaí chun go mbeidh údar maith ann táillí a íoc, d'fhéadfaí iallach a chur ar mhic léinn cúrsaí ollscoile a roghnú a bhaineann le poist a thuillfidh go leor airgid dóibh. D'fhéadfadh cúrsaí i réimsí cosúil leis na dána agus na daonnachtaí fulaingt dá réir sin ó thaobh líon na gcéimithe, in ainneoin go dtugann siad rannchuidiú tábhachtach don tsochaí.

**2 phointe mínithe: 9 marc + 8 marc**
**An chéad fhreagra ceart: 9 marc**

## C1 Coincheapa / Cothromaíocht carranna leictreacha / Ionaid chónaithe phríobháideacha

**(a)** I gcás aon **dá cheann** díobh seo a leanas déan idirdhealú idir na coincheapa.

(i) Dlí an Éilimh *agus* Dlí an tSoláthair.
(ii) Barrachas an Tomhaltóra *agus* Barrachas an Táirgeora
(iii) Éileamh Díortha *agus* Comhéileamh. [25]

Luaitear i n**Dlí an Éilimh** go dtitfidh an líon ar a ndéantar éileamh de réir mar a ardaíonn praghsanna agus vice versa, ceteris paribus (ach rudaí eile a bheith cothrom). Léireoimid dlí an éilimh ag úsáid líne ar a bhfuil claonchuar anuas ó chlé go deis. Tá caidreamh inbhéartach nó diúltach idir praghas earra agus an líon ar a ndéantar éileamh ar an earra sin.

Luaitear i n**Dlí an tSoláthair** go n-ardóidh an líon a sholáthraítear de réir mar a ardaíonn praghsanna agus vice versa, ceteris paribus (ach rudaí eile a bheith cothrom). Léireoimid dlí an tsoláthair ag úsáid líne ar a bhfuil claonchur in airde ó chlé go deis. Tá caidreamh dearfach idir praghas earra agus an líon a sholáthraítear den earra sin.

Is ionann **Barrachas an Tomhaltóra** agus an difríocht idir an méid a íocann tomhaltóir ar earra i ndáiríre agus an t-uasmhéid a bhí sé/sí toilteanach a íoc ar an earra seachas déanamh dá uireasa.
An úsáid a bhaintear as earra nó seirbhís thar an méid a íocadh air.

Is ionann **Barrachas an Táirgeora** agus an difríocht idir an méid a fhaigheann táirgeoir ar earra agus an t-íosmhéid a bhí sé/sí toilteanach glacadh leis ar an earra. An tuillimh bhreise a fuair an táirgeoir thar an íosmhéid a theastaíonn uathu chun an t-earra nó an tseirbhís a sholáthar.

Tarlaíonn **Éileamh Díorthaithe** nuair nach bhfuil éileamh ar Thoisc Táirgeachta ar mhaithe leis féin ach mar gheall ar an rannchuidiú a dhéanann sé leis an bpróiseas táirgeachta.


Tarlaíonn **Comhéileamh** nuair a úsáidtear dhá earra (nó níos mó) le chéile chun iad a úsáid.
Is earraí comhlántacha a bhíonn i gceist leo, mar shampla, maidí gailf agus liathróidí gailf.

**An chéad fhreagra ceart: 7 marc**
**3 fhreagairt chearta atá fágtha: 6 mharc an ceann**

**(b)** Cuir i gcás go bhfuil an margadh faoi choinne carranna leictreacha i gcothromaíocht. Déan cur síos, le cuidiú léaráide **ar leith** i n**gach** cás, na slite is dócha a rachadh na cúinsí seo a leanas sa mhargadh i bhfeidhm ar staid na cothromaíochta i gcás carranna leictreacha.

(i) Nuálaíocht teicneolaíochta i bpróiseas táirgthe carranna leictreacha.
(ii) Tá súil le hardú sula fada ar mhótarcháin ar charranna a bhfuil inneall peitril iontu.
(iii) Ardaíonn an rialtas na fóirdheontais ar an iompar poiblí, rud a laghdaíonn na praghsanna do chomaitéirí. [30]

(i) Nuálaíocht teicneolaíochta i bpróiseas táirgthe carranna leictreacha.





- Athraíonn an S ar dheis ($S_2$)
- Mar thoradh ar an dul chun cinn sa teicneolaíocht tiocfaidh méadú ar sholáthar na gcarranna leictreacha, mar gheall ar éifeachtúlacht mhéadaithe /costais táirgeachta aonaid níos ísle
- Beidh farasbarr carranna leictreacha ag praghas $P_1$. Titfidh an praghas go dtí $P_2$ mar gheall ar an bhfarasbarr sin.
- Praghas cothromaíochta nua **níos ísle** – $P_2$
- Líon cothromaíochta nua **níos airde** – $C_2$

**<u>Léaráid:</u> 5m**
**D / $S_1$ / $S_2$ / Léiriú ar phraghas cothromaíochta níos ísle agus cainníocht níos airde: 1 mharc an ceann = 5m**
**<u>Míniú:</u> 5m**
**Athrú ar dheis ar S / P Níos Ísle / C Níos Airde: 1 mharc an ceann**
**& tagairt do Bharrachas a thiomáineann an praghas síos / mhéadaigh an éifeachtúlacht/táirgiúlacht: 2m**

(ii) Tá súil le hardú sula fada ar mhótarcháin ar charranna a bhfuil inneall peitril iontu.


.




- Athraíonn an D ar dheis ($D_2$)
- Méadóidh an t-éileamh ar charranna leictreacha toisc go bhfuil earra ionaid níos daoire anois.
- Mar gheall ar an méadú sin ar éileamh beidh ró-éileamh nó ganntanas ann a thiomáinfidh an praghas in airde go $P_2$.
- Praghas cothromaíochta nua **níos airde** – $P_2$
- Líon cothromaíochta nua **níos airde** – $C_2$

**Léaráid: 5m**
**S / $D_1$ / $D_2$ / Léiriú ar phraghas cothromaíochta agus Cainníocht níos airde: 1 mharc an ceann =**
**Míniú: 5m**
**Athrú ar dheisar D/ P níos airde / C níos airde: 1 mharc an ceann agus**
**tagairt don Ghanntanas a thiomáineann an praghas in airde / carranna leictreacha níos tarraingtí anois toisc méadú a bheith tagtha ar phraghas earraí ionadaithe: 2 mharc**

(iii) Ardaíonn an rialtas na fóirdheontais ar an iompar poiblí, rud a laghdaíonn na praghsanna do chomaitéirí.





- Athraíonn an D ar chlé ($D_2$)
- Laghdóidh an t-éileamh ar charranna leictreacha toisc go bhfuil seirbhís ionaid níos inacmhainne / saoire anois.
- Mar gheall ar an laghdú sin ar éileamh beidh rósholáthar ann a thiomáinfidh an praghas síos go $P_2$.
- Praghas cothromaíochta nua **níos ísle** – $P_2$
- Líon cothromaíochta nua **níos ísle** - $C_2$

**Léaráid: 5m**
**S / $D_1$ / $D_2$ / Léiriú ar phraghas cothromaíochta agus cainníocht níos ísle: 1 mharc an ceann = 5 mharc.**
**Míniú: 5m**
**Athrú ar D ar chlé/ P Níos Ísle / C Níos Ísle: 1 mharc an ceann agus**
**tagairt do rósholáthar a thiomáinfidh an praghas síos go $P_2$ / níl an oiread tóra ar iompar cairr is atá ar an iompar poiblí fóirdheonaithe: 2 mharc.**

**(c)** *Is é an meánchíos míosúil ar ionaid chónaithe phríobháideacha in Éirinn ná €1,078..* [20]

(**Foinse:** *Daft.ie 2016*)

(i) Cuir i gcás gurb é €1,078 **leibhéal cothromaíochta** an mheánchíosa mhíosúil. Taispeáin ar léaráid amháin, an tionchar a bheadh aige ar an margadh dá dtabharfadh Rialtas na hÉireann rialú cíosa isteach a leagfadh síos uas-chíos de €715.




**(Ró-éileamh: $D_1$ lúide $S_1$)**

**Léaráid: P / C / S / D / € 1,078 / $C_E$ / $S_1$ / $D_1$ ar 1 mharc an ceann + €715: 2 mharc = 10 marc**

(ii) Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíochta is dócha a bheadh ag a leithéid de rialú cíosa (i.e. buaicphraghas ar chostas cíosa) do mhargadh na n-ionad cónaithe ar cíos in Éirinn.

Áirítear le freagraí féideartha

**Iarmhairt ar éileamh**
Laghdófaí praghas an chíosa go €715 agus méadóidh an chainníocht a éilítear toisc go bhfuil sé d'acmhainn ag níos mó daoine cíos a íoc anois. Is é an tionchar a bheidh ag an bpraghas uasta/rialú cíosa ná ganntanas nó **ró-éileamh** ag an leibhéal nua praghais seo.

**Iarmhairt ar thomhaltóirí**
Is féidir le rialuithe cíosa dúshaothrú tomhaltóirí a laghdú, go háirithe nuair atá easpa iomaíochta ann. Cuidíonn siad le daoine ar ioncam íseal chun a bheith in acmhainn teach a fháil ar cíos. Tabharfaidh sé deis dóibh sin ar ioncam níos ísle caighdeán maireachtála níos fearr a bheith acu. Mura ndéanann tiarnaí talún infheistíocht ina réadmhaoin ansin caithfidh tomhaltóirí cur suas le cóiríocht ar dhroch-chaighdeán.

**Iarmhairt ar thiarnaí talún**
Titfidh cainníocht na réadmhaoine ar cíos a sholáthraítear má cheapann forbróirí / tiarnaí talún go bhfuil an toradh cíosa ró-íseal. D'fhéadfadh roinnt tiarnaí talún cinneadh a dhéanamh a gcuid réadmhaoine a dhíol nó tarraingt siar as an margadh. Beidh níos lú ioncaim ag roinnt tiarnaí talún le hinfheistiú i réadmhaoin agus chun a réadmhaoin a chothabháil agus mar gheall air sin tiocfaidh meath ar chaighdeán na réadmhaoine.

**An soláthar atá ar fáil a leithdháileadh**
Tagann fadhbanna chun cinn faoi conas an soláthar a leithdháileadh chun freastal ar an ró-éileamh sa mhargadh, toisc nach féidir an praghas a mhéadú. D'fhéadfaí freastal ar gach duine ar a sheal féin sa chás sin, nó de réir chéadrogha an díoltóra, agus meastar go bhfuil an dá cheann acu sin míchothrom. D'fhéadfadh tiarnaí talún éarlaisí móra a iarraidh ar thionóntaí nua.

**Deacrachtaí don rialtas / margadh dubh**
Beidh sé deacair ag an rialtas rialuithe praghsanna a fhaire agus a fhorfheidhmiú i margaí. Tá an chontúirt ann go gcruthófar scáthmhargadh/margadh dubh.


**2 ar 5 mharc an ceann (2+3)**

## C2 Iomaíocht Fhoirfe / Margadh i gcomhair Bia Ceardaí in Éirinn

**(a)** (i) Taispeáin, le cuidiú **dhá** léaráid lipéadaithe ar leith, staid chothromaíochta **ghearrthréimhseach** agus staid chothromaíochta **fhadtréimhseach** gnólachta atá in **iomaíocht fhoirfe** agus atá ag uasmhéadú a bhrabúis.


(ii) Déan comparáid, faoi na ceannteidil seo a leanas, idir staid chothromaíochta ghearrthréimhseach agus staid chothromaíochta fhadtréimhseach gnólachta atá in iomaíocht fhoirfe. Praghas agus Aschur/Brabús/Éifeachtúlacht. [35]

**Go gearrthréimhseach**




**Léaráid: P / C / MCh / CI / P = MI = II / $P_1$ / $C_1$ / $Costas_1$ / Pointe cothromaíochta : 9 ar 1 mharc**

**Go fadtréimhseach**




**Léaráid:**
**MCh (2m) tadhlaí le MI (2m); Ansin $P_2$ /$C_2$ / $C_2$ / Pointe cothromaíochta: 1 mharc an ceann: 8m**

(ii) Déan comparáid, faoi na ceannteidil seo a leanas, idir staid chothromaíochta ghearrthréimhseach agus staid chothromaíochta fhadtréimhseach gnólachta atá in iomaíocht fhoirfe:

- Praghas agus Aschur
- Brabús
- Éifeachtúlacht.

| | |
|---|---|
| Praghas agus Aschur | • Nuair a théann gnólachtaí nua isteach sa tionscal titeann praghas an mhargaidh agus mar sin caithfidh an gnólacht glacadh le praghas an mhargaidh. Tá an praghas san fhadtréimhse níos ísle ná mar atá sé sa ghearrthréimhse mar caithfidh an gnólacht glacadh le praghas an mhargaidh. Tá aschur an ghnólachta san fhadtréimhse níos ísle ná mar atá sé sa ghearrthréimhse.<br>• De réir mar a théann gnólachtaí nua isteach sa tionscal soláthróidh gach gnólacht cion níos lú den aschur iomlán.<br>**6 mharc** |
| Brabús | • Tuilleann an gnólacht Brabús Osnormálta (SNP) mar tá MI>MCh (AR>AC) sa ghearrthréimhse<br>• San fhadtréimhse, bíonn gnólachtaí nua "in iomaíocht" ar shiúl ón SNP mar sin ní thuilltear ach brabús normálta áit ar ionann MI=MCh (AR=AC)<br>**6 mharc** |
| Éifeachtúlacht | • Sa ghearrthréimhse toisc go bhfuil SNP ann níl aon dreasacht do ghnólachtaí a bheith éifeachtúil agus ní tháirgeann siad ag an bpointe is ísle den chuar MCh<br>• San fhadtréimhse, ní thiocfaidh slán ach gnólachtaí atá éifeachtúil agus a tháirgeann ag an bpointe is ísle ar an gcuar MCh.<br>**6 mharc** |

**(b)** Taispeánann an tábla thíos sonraí gnólachta atá i gcothromaíocht in iomaíocht fhoirfe.

| Meánioncam (€) | Meánchostas Athraitheach (€) | Meánchostas Iomlán (€) |
|---|---|---|
| 50 | 40 | 60 |

(i) Agus tú ag tarraingt ar a bhfuil ar eolas agat faoin iomaíocht fhoirfe, céard é an t-ioncam imeallach a thuilleann an gnólacht seo? Mínigh do fhreagra.

(ii) Ar chóir don ghnólacht seo leanúint ar aghaidh i mbun gnó? Mínigh do fhreagra.

[20]

(i) In Iomaíocht Fhoirfe tá II = MI mar sin tá II = €50
In iomaíocht fhoirfe is praghasghlacadóir é an gnólacht / Tá cuar an éilimh cothrománach/ Tá an MI agus II cothrom agus tairiseach/Díoltar gach earra breise ar phraghas an mhargaidh.

**8 marc (4 + 4)**

(ii) Ba chóir go leanfadh an gnólacht i mbun gnó **sa ghearrthréimhse** cé go bhfuil sé ag déanamh caillteanais. Tá an Praghas (i.e. MI) ag €50 atá faoi bhun an Meánchostas Iomlán de €60. Tá caillteanas €10 in aghaidh an aonaid ar an ngnólacht.
Tá na costais athraitheacha go léir á gcumhdach ag an ngnólacht agus cuid dá chostais sheasta.
Ba cheart dá bhrí sin go leanfadh an gnólacht i mbun gnó sa ghearrthréimhse go n-iompródh an gnólacht roinnt den chaillteanas agus go mbeadh sé ag súil, trína chostais nó leibhéil táirgeachta a choigeartú go gcumhdódh sé a chuid costais go léir san fhadtréimhse.

**12 mharc (4+4+4)**

**(c)** Thuairiscigh Bord Bia go bhfuil luach iomlán mhargadh an Bhia Ceardaí ag fás go láidir, agus dá bharr sin go bhfuil tuilleadh gnólachtaí ag dul leis an tionscal. (Is é an sainmhíniú atá ag Bord Bia ar Bhia Ceardaí ná “bia ardcháilíochta sainiúil a tháirgtear ina chainníochtaí beaga,” e.g. cáis feirme, arán, etc.)

[20]

(i) Luaigh an struchtúr margaidh is fearr a léiríonn an staid seo. Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

Tá margadh Bia Ceardaí iomaíoch go neamhfhoirfe (iomaíoch ar bhonn monaplachta).

**4 mharc**

1. Is iomaí gnólacht sa tionscal seo a bhfuil sciar sách beag den mhargadh acu/ Mar sin tá gach táirgeoir ceardaí róbheag chun tionchar a imirt ar an margadh foriomlán.
2. Tá saoire iontrála agus imeachta chuig/ón tionscal toisc nach bhfuil aon bhacainní ar iontráil.
3. Is ann do dhifreáil táirgí: Tá na hearraí difreáilte a thugann cumhacht éigin do gach gnólacht maidir leis an bpraghas ach toisc go bhfuil gar-ionadaigh ar fáil cuireann siad an tionchar ar éileamh san áireamh má athraíonn siad a bpraghas.

**2 chúis ar 3 mharc an ceann**

(ii) Mínigh an cruth atá ar chuar éilimh gnólachta sa struchtúr margaidh seo.

Bíonn cuar éilimh le claonchuar (diúltach) anuas ag gnólacht atá iomaíoch go neamhfhoirfe.

**4 mharc**

Toisc go bhfuil táirge difreáilte aige, tá roinnt cumhacht margaidh aige ar an bpraghas agus is féidir leis cinneadh a dhéanamh faoin bpraghas a ghearrfaidh sé. Tá táirge ag gach gnólacht a mheasann tomhaltóirí a bheith difriúil go pointe áirithe le táirgí na ngnólachtaí iomaíocha. Má mhéadaíonn an gnólacht praghas an táirge, beidh laghdú ar éileamh mar go n-athróidh roinnt tomhaltóirí chuig earraí na ngnólachtaí iomaíocha (gar-ionadaithe) a éiríonn níos saoire i gcomparáid leis.

**6 mharc grádaithe**

## C3 Costais / ÉIC / $MRP_L$ Cúrsaí pá a shocrú san Earnáil Phoiblí

(a) Taispeánann an tábla thíos aschur agus costas iomlán gnólachta atá ag táirgeadh cluasán gan sreang. Gearrann an gnólacht €13 ar gach aonad aschuir. Bain úsáid as an tábla seo chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt. (**Taispeáin do chuid oibre**.)

| **Aschur (aonaid)** | 0 | 1,000 | 2,000 | 3,000 | 4,000 | 5,000 | 6,000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas iomlán (€)** | 5,000 | 13,000 | 18,000 | 24,000 | 32,000 | 45,000 | 60,000 |

(i) Ríomh an **costas seasta** agus an **costas athraitheach** nuair a tháirgtear 3,000 aonad aschuir.
(ii) Ríomh an **meánchostas athraitheach** nuair a tháirgtear 5,000 aonad aschuir.
(iii) Ríomh an brabús iomlán má dhíoltar 4,000 aonad.
(iv) Bain úsáid as na sonraí sa tábla thuas, agus tarraing graf **amháin** a thaispeánfaidh **meánchostas** agus **costas imeallach** an ghnólachta.
Cuir na lipéid MCh agus CI orthu. (Is ceadmhach grafpháipéar a úsáid.) [30]

(i) CS(FC) = **€5,000** toisc ag Aschur 0, IC (TC) = €5,000

CA(VC) = IC(TC) – CS(FC). Ag 3,000 aonad: 24,000 – 5,000 = **€19,000** **5 mharc**

(ii) Ríomh an **meánchostas athraitheach** nuair a tháirgtear 5,000 aonad aschuir.

MCA(AVC) = CA/C (VC/Q). Ag 5,000 aonad: CA(VC) = €45,000 - €5,000 = €40,000 .

MCA(AVC) = 40,000 / 5,000 = **€8 in aghaidh an aonaid.** **5 mharc**


(iii) Ríomh an brabús iomlán má dhíoltar 4,000 aonad.

Brabús Iomlán = Ioncam Iomlán(TR) (P x C) – Iomlán Costas(TC)

(4,000 x €13) = €52,000 – 32,000 = **€20,000** **4 mharc**

(iv) Bain úsáid as na sonraí sa tábla thuas, agus tarraing graf **amháin** a thaispeánfaidh **meánchostas** agus **costas imeallach** an ghnólachta. Cuir na lipéid MCh agus CI orthu. (Is ceadmhach grafpháipéar a úsáid.)

| **Aschur (aonaid)** | 0 | 1,000 | 2,000 | 3,000 | 4,000 | 5,000 | 6,000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas iomlán (€)** | 5,000 | 13,000 | 18,000 | 24,000 | 32,000 | 45,000 | 60,000 |
| **Meánchostas** | - | 13 | 9 | 8 | 8 | 9 | 10 |
| **Costas Imeallach** | - | 8 | 5 | 6 | 8 | 13 | 15 |




| | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Meánchostas TC/Q | | 13 | 9 | 8 | 8 | 9 | 10 |
| Costas Imeallach (=ΔTC/ΔQ) | | 8 | 5 | 6 | 8 | 13 | 15 |

**Pointí ar an gcuar MCh: 6m**
**Pointí ar an gcuar CI: 6m**
**Lipéid Aiseanna Costais / Cainníocht/CI/MCh: 4 ar 1 mharc**

**(b)** (i) Mínigh an téarma **Éifeachtúlacht Imeallach an Chaipitil** (ÉIC).
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith le titim san ÉIC. [20]

(i) Mínigh an téarma Éifeachtúluacht Imeallach an Chaipitil (ÉIC).

An brabús breise a thuilltear mar thoradh ar aonad breise amháin caipitil a úsáid.

**10 marc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith le titim san ÉIC.

Méadaíonn an costas caipitil / Téann an ráta úis in airde

Méadú ar chostas na n-earraí caipitiúla

Praghas díolta an earra ag titim


Titim i dtáirgiúlacht an chaipitil bhreise atáthar a úsáid.

**2 ar 5 mharc an ceann (2+3)**

**(c)** (i) Mínigh le cuidiú léaráide Táirge Imeallach Ioncaim an t**Saothair** ($MRP_L$ *i mBéarla*).
(ii) Déan plé ar na cúiseanna **nach mbeadh** $MRP_L$ ina mhodh oiriúnach le cúrsaí pá a shocrú san earnáil phoiblí.

[25]

Mínigh le cuidiú léaráide Táirge Imeallach Ioncaim an t**Saothair** (MRPL i mBéarla).




**5 mharc**

**Míniú:** Táirge Imeallach Ioncaim an t**Saothair** ($MRP_L$ i mBéarla)
Is ionann táirge imeallach ioncaim an tsaothair agus an t-ioncam breise a thuilltear ó oibrí amháin breise a fhostú/ Ríomhtar é trí phraghas an táirge a iolrú faoin $MPP_L$

**5 mharc**
**agus ceann amháin eile de na pointí seo a leanas:**

**Le haghaidh gnólacht uasmhéadaithe brabúis is ionann an cuar $MRP_L$ agus cuar éilimh an ghnólachta ar shaothar:**
Fostóidh gnólacht an chainníocht saothair ag a bhfuil an ráta pá cothrom le táirgiúlacht imeallach an tsaothair/Tugtar leibhéal uasbhrabúis fostaíochta nuair a fhostaíonn gnólacht suas go dtí pointe nuair atá an pá a íoctar leis an oibrí deiridh a fostaíodh cothrom lena t(h)áirgiúlacht ioncam imeallach saothair/Dá bhrí sin is ionann an cuar MRP agus cuar an éilimh i gcomhair saothair toisc go dtaispeánann sé an chainníocht saothair ar a ndearnadh éileamh ag gach praghas nó ráta pá.

**NÓ**

**Na cúiseanna a gclaontar anuas $MRP_L$:**
Bíonn an $MRP_L$ ar chlaonadh anuas ó chlé go deis de ghnáth, rud a léiríonn dá ísle an ráta pá, gur mó an líon fostaithe a fhostófar.
Bíonn claonadh anuas ar na cúiseanna seo a leanas:
**Dlí an toraidh laghdaithigh:** de réir mar a fhostaítear níos mó agus níos mó fostaithe, tosaíonn meath ag teacht ar a dtáirge imeallach de réir mar a laghdaíonn gach oibrí an méid táirgeachta a dhéanann siad. Dá bhrí sin tá MRP gach aonad breise saothair níos lú ná an t-aonad roimhe.
**Dlí an éilimh:** d'fhonn **aschur** níos mó a dhíol caithfidh gnólacht **praghas** a tháirge a laghdú. De réir mar a tháirgtear líon níos mó aonad, ní féidir iad a dhíol ach ar phraghsanna níos ísle. Dá bhrí sin tagann meath ar MRP gach aonaid bhreise saothair.

**5 mharc**

**Léaráid + míniú** Táirge Imeallach Ioncaim an t**Saothair** ($MRP_L$) **+ pointe amháin eile ar 5 mharc an ceann**

(ii) Déan plé ar na cúiseanna **nach mbeadh** $MRP_L$ ina mhodh oiriúnach le cúrsaí pá a shocrú san earnáil phoiblí.

**Ní tháirgtear aschur fisiceach i gcónaí.**
Is seirbhísí/críochtháirgí inláimhsithe iad go leor de na poist san earnáil phoiblí go háirithe, mar sin is deacair aschur a thomhas, agus dá réir sin is deacair an Táirge Fisiceach Imeallach (MPP) a thomhas agus an MRP dá bharr sin.

**Is minic nach ndéantar na hearraí/seirbhísí a tháirgtear laistigh den earnáil phoiblí a dhíol ar an margadh oscailte** nó ag praghsanna an mhargaidh. Is deacair dá bharr sin an praghas nó an t-ioncam imeallach a mheas.

**Nuair a úsáidtear caipiteal agus saothar le chéile** is deacair a mheas cibé an mbaineann an táirgiúlacht imeallach le saothar amháin.

**2 ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

| C4 Ioncam Náisiúnta / Sreabhadh Ciorclach / Úsáidí as staitisticí an Ioncaim Náisiúnta |
| --- |

**(a)** (i) *Is modh amháin é modh an aschuir chun Ioncam Náisiúnta a ríomh.*
Tabhair breac chuntas ar **dhá mhodh eile** a úsáidtear chun Ioncam Náisiúnta a ríomh.
(ii) Déan cur síos ar fhadhb an 'chomhairimh dhúbailte' nuair a bhítear ag tiomsú staitisticí an Ioncaim Náisiúnta. [20]

Tá eacnamaithe in ann gníomhaíocht gheilleagrach a thomhas mar seo a leanas:

(i)

Modh an ioncaim:

Is féidir leo an t-ioncam tuillte / cíos, pá, ús agus brabúis go léir ó sholáthar tosca táirgeachta (talamh, saothar, caipiteal agus fiontar) i dtír a shuimiú i dtréimhse ama.
Bunaithe ar shonraí a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar mhaithe le measúnú ar cháin ioncaim.

Modh an chaiteachais:
Is féidir leo an tsuim iomlán airgid a caitheadh ar earraí agus seirbhísí (deiridh) sa tír i rith na bliana a shuimiú (tomhaltóirí, gnólachtaí, rialtas, agus an earnáil choigríche ar earraí agus seirbhísí a táirgeadh sa tír). Suimigh luach na n-easpórtálacha agus dealaigh luach na n-iompórtálacha.

**2 ar 6 mharc an ceann**

(ii) Déan cur síos ar fhadhb an 'chomhairimh dhúbailte' nuair a bhítear ag tiomsú staitisticí an Ioncaim Náisiúnta

Tarlaíonn 'comhaireamh dúbailte' má áirítear an caiteachas ar earraí idirmheánacha nuair a bhíonn an t-aschur náisiúnta á ríomh. Nuair a bhíonn gníomhaíocht gheilleagrach á tomhas ag úsáid an **mhodha aschuir,** ní mór a bheith cúramach idirdhealú a dhéanamh idir earraí deiridh agus idirmheánacha chun fadhb an 'chomhairimh dhúbailte' a sheachaint.

Uaireanta bíonn sé an-deacair idirdhealú idir earraí idirmheánacha agus deiridh. Chun an fhadhb a bhaineann le comhaireamh dúbailte a sheachaint d'fhéadfadh staitisteoirí luach deiridh na n-earraí críochnaithe go léir, le luach na n-earraí idirmheánacha fágtha ar lár, a áireamh nó an breisluach a shuimiú ag gach céim den táirgeadh/De réir mar a théann earra trí na céimeanna éagsúla táirgeachta, méadaítear luach an táirge agus is é an méadú sin ar a luach a áirítear sna cuntais ioncaim náisiúnta.


**8 marc grádaithe**

**(b)** (i) Mínigh, le cuidiú léaráide, **Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim** i ngeilleagar oscailte.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tionchar ba chóir a bheith ag **gach ceann** de na polasaithe seo a leanas as Cáinaisnéis 2017 ar Shreabhadh Ciorclach an Ioncaim.

- Méadú €4.5 billiún sa chaiteachas caipitiúil ar thionscadail bóithre agus iarnróid.
- Laghdú ar mhéid an mhuirir shóisialta uilíoch (MSU) nach mór d'oibrithe a íoc [35]

(i) Mínigh, le cuidiú léaráide, **Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim** i ngeilleagar oscailte.




**Léaráid – 13 mharc**

| | Marc aonair | Na marcanna iomlána |
|---|---|---|
| Na cúig earnáil a aithint | 5 ar 1 mharc an ceann | **5 mharc** |
| Na hocht sruth chearta (comhpháirt agus treoir) a aithint | 16 ar ½ mharc an ceann | **8 marc** |

- Cuireann teaghlaigh na tosca táirgeachta ar fáil do ghnólachtaí agus íocann siadsan teaghlaigh as na hionchuir thosca in (pá, cíos, brabús agus ús).
- Táirgeann gnólachtaí earraí agus seirbhísí ó na tosca táirgeachta agus caitheann teaghlaigh ioncam ar na hearraí agus seirbhísí sin.
- Ní chaitear an t-ioncam go léir, cuirtear cuid de i dtaisce. Cuireann teaghlaigh airgead i dtaisce in institiúidí airgeadais agus tugann na hinstitiúidí sin airgead amach ar iasacht chun críocha infheistíochta.
- Bíonn tionchar ag an Rialtas freisin ar Shreabhadh Ciorclach an Ioncaim trí chánachas agus caiteachas rialtais. Caitheann rialtais airgead ar earraí agus seirbhísí agus freisin ar aistriú íocaíochtaí. Maoinítear a chaiteachas trí ioncam a thabhairt isteach trí chánachas díreach agus indíreach araon.
- Ar deireadh easpórtálann gnólachtaí chuig an gcuid eile den domhan agus iompórtálann gnólachtaí agus teaghlaigh ón gcuid eile den domhan.

**Míniú: 10 marc. Gach pointe urchair ag 2 mharc an ceann.**
**(Tag. d'Insealltaí: ina gcuimsítear G, I agus X: 2 mharc)**
**(Tag. do Shiltí ina gcuimsítear T, S agus I: 2 mharc)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tionchar ba chóir a bheith ag **gach ceann** de na polasaithe seo a leanas as
Cáinaisnéis 2017 ar Shreabhadh Ciorclach an Ioncaim.
- Méadú €4.5 billiún sa chaiteachas caipitiúil ar thionscadail bóithre agus iarnróid.
- Laghdú ar mhéid an mhuirir shóisialta uilíoch (MSU) nach mór d'oibrithe a íoc.

| **Méadú €4.5 billiún sa chaiteachas caipitiúil ar thionscadail bóithre agus iarnróid** | **Laghdú ar mhéid an mhuirir shóisialta uilíoch (MSU) nach mór d'oibrithe a íoc.** |
|---|---|
| • Instealladh isteach i sreabhadh ciorclach an ioncaim é seo.<br>• Tiocfaidh méadú ar an éileamh comhiomlán de réir an insteallta arna iolrú faoin iolraitheoir chun an Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim a mhéadú. | • Sin laghdú ar chánacha agus **laghdú mar sin ar an sileadh.** Bíonn níos mó ioncam indiúscartha ag oibrithe agus ba cheart go mbeadh caiteachas méadaithe i measc tomhaltóirí mar thoradh air sin.<br>• Tiocfaidh méadú ar an éileamh comhiomlán de réir an insteallta arna iolrú faoin iolraitheoir.<br>nó<br>• D'fhéadfadh roinnt oibrithe socrú a dhéanamh an méadú ar ioncam a chur i dtaisce mar gheall ar MSU laghdaithe mar sin bheadh an méadú/ t-iolraitheoir níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| **6 mharc** | **6 mharc** |

**(c)** *Ríomh an POS gur tháinig méadú 26.3% ar OTI na hÉireann in 2015. Bhí na saineolaithe d'aon tuairim gur rómheastachán ar an bhfíor-OTI a bhí ann, bíodh is gur ríomhadh an figiúr de réir modhanna faofa.*

(i) Déan cur síos ar **thrí** úsáid a bhaintear as staitisticí an Ioncaim Náisiúnta atá ag tír.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar impleacht eacnamaíochta **amháin** do Rialtas na hÉireann a bhaineann le rómheastachán ar OTI a úsáid.

[20]

(i) Déan cur síos ar **thrí** úsáid a bhaintear as staitisticí an Ioncaim Náisiúnta atá ag tír.

Áirítear iad seo le freagraí:

- Léiriú ar athruithe í gcaighdeán maireachtála.
- An bealach a úsáidtear chun an caighdeán maireachtála i dtíortha éagsúla a chur i gcomparáid le chéile.
- Cuidíonn sé leis an rialtas beartas eacnamaíochta a cheapadh/pleanáil bhuiséadach don todhchaí/ tugann siad fianaise ar a mbunóidh siad beartas geilleagrach.
- Gníomhaíochtaí geilleagracha a mheas/ chun tagarmharc a thabhairt ar féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ina choinne.
- Buntáistí Bhuiséad an AE/cúnamh airgeadais ón AE.

**3 phointe ar 5 mharc an ceann (2+3)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar impleacht eacnamaíochta amháin do Rialtas na hÉireann a bhaineann le rómheastachán ar OTI a úsáid.

Áirítear iad seo le freagraí:

Bheadh an chuma ar ár ngeilleagar go bhfuil sé ag fás níos tapúla ná mar atá sé. Dá bhrí sin féadfaidh an rialtas tuilleadh airgid a chaitheamh rud as a dtiocfaidh tuilleadh iasachtaí agus as sin tiocfaidh féichiúnas méadaithe/damáiste dár gclú idirnáisiúnta.

Úsáidtear ár bhfigiúirí OTI chun cóimheasa éagsúla a ríomh ar a gcuirtear airgead ón AE ar fáil do bhallstáit. Chiallódh sé mar sin go bhfaighimis níos lú ón AE nó go dtabharfaimis níos mó ranníocaíochta do bhuiséad an AE.

Thabharfadh sé le fios, go contráilte, go bhfuil ár bhFiachas i gcomhréir le OTI feabhsaithe. D'fhéadfadh mar gheall air sin go dtiocfadh brú ón AE polasaí buiséid níos déine a reáchtáil (bogadh chuig buiséad comhordaithe).

**1 ar 5 mharc (2+3)**

**Marcáiltear freagraí inghlactha eile de réir a bhfiúntais**

## C5 Buntáiste Absalóideach agus Comparáideach / Cosaint Trádála / Téarmaí Trádála

**(a)** (i) Déan idirdhealú idir na coincheapa **Buntáiste Absalóideach** agus **Buntáiste Comparáideach** maidir le trádáil idirnáisiúnta. Bain úsáid as sampla chun tacú le do fhreagra.

(ii) Luaigh agus mínigh cúiseanna a bhféadfadh tír amháin a bheith níos fearr ná tír eile ag táirgeadh earra áirithe. [30]

(i) Déan idirdhealú idir na coincheapa **Buntáiste Absalóideach** agus **Buntáiste Comparáideach** maidir le trádáil idirnáisiúnta. Bain úsáid as sampla chun tacú le do fhreagra.

**Buntáiste Absalóideach**
Inniúlacht na tíre níos mó d'earra áirithe a tháirgeadh ag baint úsáid as níos lú ionchur tosca ná aon tír eile.

**Buntáiste Comparáideach**
Inniúlacht na tíre earra áirithe a tháirgeadh ag deischostas níos lú (beagán níos éifeachtúla) ná tír eile. Léiríonn an buntáiste comparáideach an deischostas coibhneasta.

**Sampla oiriúnach ar bith a mhínítear**

Fiú amháin sa chás go mbeadh buntáiste absalóideach ag tír maidir le táirgeadh gach earra, d'fhéadfadh buntáistí comparáideacha éagsúla a bheith fós ag tíortha éagsúla.
Má tá buntáiste comparáideach ag tír amháin thar thír eile d'fhéadfadh leis an dá pháirtí tairbhe a bhaint as trádáil toisc go bhfaighidís táirge ar phraghas atá níos ísle ná an deischostas a bheadh i gceist le táirgeadh an táirge sa tír sin.

**Tiomáineann buntáiste comparáideach tíortha chun tabhairt faoi speisialtóireacht maidir le táirgeadh earraí a bhaineann an deischostas is ísle leo agus méadaítear táirgiúlacht as sin.**

Baineann tábhacht le buntáiste absalóideach ach is é an **buntáiste comparáideach a dheimhníonn speisialtóireacht na tíre.**

**Buntáiste Absalóideach: 4 mharc Buntáiste Comparáideach: 8 marc grádaithe**

(ii) Luaigh agus mínigh cúiseanna a bhféadfadh tír amháin a bheith níos fearr ná tír eile ag táirgeadh earra áirithe.

Áirítear iad seo le freagraí:

- Caighdeán aeráide agus talún oiriúnach/acmhainní nádúrtha a bheith in áit
- Teacht níos fearr ar mhargaí caipitil
- Fáil ar amhábhair
- Fáil ar lucht saothair oilte a bhfuil oideachas orthu
- Rátaí cánach tairbheacha
- Costais táirgeachta, pá, leictreachais, leathanbhanda, etc. níos ísle / Bonneagar níos fearr
- Rialtas cobhsaí; timpeallacht mhaicreacnamaíoch fhabhrach láidir chun gnó a dhéanamh.

**3 ar 6 mharc (3+3)**

**(b)** *In "Economic Development", an staidéar a scríobh sé i 1958, d'áitigh T. K. Whitaker ar Rialtas na hÉireann stopadh de bheith ag dul ar foscadh 'taobh thiar de bhac cosantais' agus ina ionad sin glacadh le dúshlán na saorthrádála.*

(i) Déan cur síos ar **dhá** bheart cosantais sa trádáil.
(ii) Déan plé ar na hargóintí eacnamaíochta **i bhfabhar** agus **in éadan** rialtas bearta co-santais a thabhairt isteach sa trádáil chun 'naíthionscail' a chosaint. [25]

(i) Déan cur síos ar **dhá** bheart cosantais sa trádáil.

**Taraifí**
Cáin ar iompórtálacha earra áirithe rud a ardaíonn an praghas a íocann an tomhaltóir, agus dá bhrí sin ní bheidh an oiread fonn ar dhaoine na hearraí a cheannach. Ba cheart go méadófaí an t-éileamh ar aschur gnólachtaí intíre (earraí a tháirgtear ag baile) agus is féidir le gnólachtaí intíre praghas níos airde a ghearradh anois mar gheall ar éifeacht chosantach na taraife. Ba cheart dó ioncam breise a shaothrú don rialtas.

**Cuótaí**
Teorainn / uasteorainn ar an líon d'earra faoi leith is féidir a iompórtáil. Mar gheall go gcuireann siad teorainn ar sholáthar earra, cuireann siad praghas an earra sin in airde. Ráthaítear sciar den mhargadh iomlán do tháirgeoirí intíre ach d'fhéadfaí an seasamh atá acu a dhúshaothrú/mí-úsáid a bhaint as trí bheith ag díol ag praghsanna intíre boilscithe. Ní shaothraítear ioncam don rialtas.

**Trádbhaic**
Cosc iomlán é seo ar iompórtáil earra faoi leith i dtír. D'fhéadfaí iad a ghearradh ar chúiseanna eacnamaíocha, polaitiúla nó sláinte.

**Bacainní riaracháin**
Rialacha agus rialacháin maidir le hearra faoi leith a iompórtáil. Bíonn siad i bhfoirm caighdeáin sláinte agus sábháilteachta go minic nó bearta a cheaptar chun cosaint a thabhairt do thomhaltóirí.

**Fóirdheontais easpórtála**
Íocaíocht do tháirgeoir intíre earra faoi leith a laghdaíonn meánchostais táirgeachta táirgeoirí.

**Rialacháin maidir le Rialú Malartaithe**
Cuireann tír teorainn leis an méid airgeadra eachtrannach atá ar fáil d'iompórtálaithe chun earraí iompórtáilte a cheannach.

**2 phointe ar 5 mharc an ceann (2+3)**

(ii) Déan plé ar na hargóintí eacnamaíochta **i bhfabhar** agus **in éadan** rialtas bearta cosantais a thabhairt isteach sa trádáil chun 'naíthionscail' a chosaint.

| I bhfabhar | In éadan |
|---|---|
| Ní mór do ghnóthaí nua teacht isteach ar an obair/foghlaim conas earraí a tháirgeadh go héifeachtúil/aschur intíre a chosaint/a mbuntáiste iomaíoch féin a fhorbairt sular féidir leo dul in iomaíocht le hiomaitheoirí eachtracha atá ar an mbóthar le fada. | D'fhéadfadh dreasacht a bheith ag an 'naíthionscal' chun an chosaint a choimeád chomh fada agus is féidir agus fanacht neamhéifeachtúil / d'fhéadfadh sé gan dul i mbun nuála agus ní fheabhsóidh sé a chuid táirgí / d'fhéadfadh tomhaltóirí níos mó a íoc ar tháirgí ar chaighdeán níos ísle ná mar a gheobhaidís ó iomaitheoirí eachtracha. |
| D'fhéadfaí áitiú ar roinnt tíortha cúnamh a thabhairt do na gnóthaí sin agus an dóchas ann go bhfásfaidh siad agus go soláthróidh siad fostaíocht d'oibrithe inmheánacha sa todhchaí. | Cén chaoi a roghnaíonn rialtas cén gnólacht/tionscal a dtabharfaidh sé tacaíocht dó? An bhféadfadh tuilleadh gnólachtaí cosaint a lorg dá bharr? |
| Trí tharaifí a ghearradh ar tháirgí atá in iomaíocht lena chéile ón gcuid eile den domhan d'fhéadfadh rialtas a bheith ag súil go mbeidh an tionscal intíre in ann é féin a bhunú (i.e. leas a bhaint as barainneachtaí scála) agus go mbeidh sé in ann dul san iomaíocht le gnólachtaí eachtracha go fadtéarmach. | Cé chomh fada ar chóir do rialtas tacú le tionscal? Cén uair a bheidh gnólacht in ann dul san iomaíocht as féin? D'fhéadfadh gnólacht a bheith ag brath rómhór ar an gcosaint. |
| Is féidir le naíthionscal earraí a sholáthar a bhfuil tábhacht náisiúnta leo agus ar an gcúis sin d'fhéadfadh an rialtas iad a chosaint. | D'fhéadfadh tíortha eile frithbheart a ghlacadh agus cinneadh a dhéanamh gan trádáil leis an tír sin. |

**3 ar 5 mharc (2 + 3)**

**(Tá ceann amháin ar a laghad ina fhabhar agus ceann ina éadan ag teastáil)**

**(c)** Taispeánann an tábla thíos téarmaí trádála na hÉireann i m blianta roghnaithe. (2010 - An Bhonnbhliain)

| Bliain | Innéacs Phraghsanna na nEaspórtálacha | Innéacs Phraghsanna na nIompórtálacha | Téarmaí Trádála |
|---|---|---|---|
| 2010 | 100 | 100 | 100 |
| 2011 | 96.6 | 98.7 | ? |
| 2015 | 106.8 | 100.3 | 106.5 |

(**Foinse:** *POS, Earraí Easpórtála agus Iompórtála,* Foilsithe Lúnasa 2016) [20]

(i) Mínigh an frása **téarmaí trádála.**

- Is ionann téarmaí trádála tíre agus an cóimheas dá praghsanna easpórtála lena praghsanna iompórtála.
- **Innéacs phraghsanna na nEaspórtálacha / Innéacs phraghsanna na nIompórtálacha x 100.**
- Insíonn na téarmaí trádála dúinn cé mhéid atá le híoc againn ar iompórtálacha nó cé mhéid a shaothraíonn ár n-easpórtálacha i dtéarmaí ár n-iompórtálacha.

- Is ionann na téarmaí trádála agus an praghas a fhaigheann náisiún ar earraí a dhíoltar lena chomhpháirtí trádála i gcoibhneas leis an bpraghas a íocann náisiún ar earraí a cheannaítear óna chomhpháirtí trádála.

**5 mharc**

(ii) Ríomh téarmaí trádála 2011 ó na sonraí sa tábla thuas. **(Taispeáin do chuid oibre.)**

$$(96.6 \ / \ 98.7) \times 100 = 97.9$$

**5 mharc**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an ngluaiseacht atá léirithe i dTéarmaí Trádála 2015, i gcomparáid leis an mbonnbhliain 2010.

**D'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh mar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith aige sin don gheilleagar:**

**Tionchar ar an earnáil easpórtála**
Toisc go bhfuil praghsanna easpórtálacha méadaithe d'fhéadfadh sé sin ioncam méadaithe a chruthú don tionscal easpórtála / D'fhéadfaí laghdú ar éileamh a chruthú dá bharr d'easpórtálacha na hÉireann a bhíonn ag brath ar leaisteachais éilimh don táirge.

**Tionchar ar iompórtálacha**
Cuireann feabhas in iúl go bhfuil praghsanna iompórtála ag titim i gcoibhneas le praghsanna easpórtála. D'fhéadfadh caighdeán maireachtála na hÉireann feabhsú mar thoradh ar iompórtálacha a bheith ar fáil níos saoire / fáil níos mó a bheith orthu.

**Tionchar ar Fhostaíocht**
Má mhéadaíonn easpórtálacha mar thoradh ar an éileamh méadaithe ansin beidh breis fostaíochta intíre i dtionscail easpórtála/Má thiteann an t-éileamh ar easpórtálacha na hÉireann d'fhéadfadh sé sin fostaíocht a laghdú ansin.

**Tionchar ar ioncam an Rialtais**
D'fhéadfadh brabúis mhéadaithe a bheith ag gnólachtaí de bharr easpórtálacha méadaithe, rud a mhéadódh Cáin Bhrabúis Chorparáide. Tagann méadú ar ioncam ó cháin ioncaim agus CBL de bharr fostaíocht mhéadaithe.

**2 phointe ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

**Marcáiltear freagraí inghlactha eile de réir a bhfiúntais.**

| | |
|---|---|
| **C6** | **Innéacs Phraghsanna na dTomhaltóirí (IPT) / Boilsciú agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE) / Praghsanna na réadmhaoine cónaithe** |

**(a)** (i) Mínigh go hachomair an dóigh a ríomhtar Innéacs Phraghsanna na dTomhaltóirí (IPT).

(ii) Déan plé ar **thrí** theorainn a d'fhéadfadh a bheith leis an IPT mar thomhas cruinn ar athruithe sa chostas maireachtála in Éirinn. [20]

(i) Mínigh go hachomair an dóigh a ríomhtar Innéacs Phraghsanna na dTomhaltóirí (IPT).

- Roghnaítear bonnbhliain ionadaíoch.
- Cinntear na hearraí a chuirfear san IPT (Bunaithe ar Ghnáthchiseán Siopadóireachta Náisiúnta Teaghlaigh)
- Bailítear sonraí: faightear praghas gach earra le haghaidh gach tréimhse ama atáthar a fhaire.
- Faightear amach cé mhéid a chaitheann gnáth-thomhaltóir ar an earra mar chion d'ioncam iomlán (cuirtear 'meáchan' le gach earra)
- Iolraítear an t-innéacs athruithe praghais (an t-innéacs praghsanna simplí) le haghaidh gach earra faoina mheáchan.
- Suimítear na hathruithe praghsanna go léir chun an t-athrú foriomlán ar phraghsanna a fháil.

**8 marc grádaithe**

(ii) Déan plé ar **thrí** theorainn a d'fhéadfadh a bheith leis an IPT mar thomhas cruinn ar athruithe sa chostas maireachtála in Éirinn

**Teorainneacha a bhaineann le meán.**

**Táirgí nua a thabhairt isteach/**ní chuirtear táirgí nua san áireamh san innéacs.

**Stíleanna maireachtála tuaithe in aghaidh stíleanna maireachtála uirbeacha**
Léirítear teaghlaigh uirbeacha agus teaghlaigh thuaithe araon sa tacar ualaí reatha, ach d'fhéadfadh nach léireodh sé seo athruithe ar a gcostas maireachtála faoi seach go cruinn.

**Tomhaltóirí ag athrú** go brandaí níos saoire/claontacht ionadaithe.
Nuair a ardaíonn praghsanna, ní thomhaiseann an IPT an méid a d'fhéadfadh daoine athrú go brandaí níos saoire.

**Caighdeán na dtáirgí/**ní chuireann an t-innéacs athruithe ar chaighdeán na dtáirgí san áireamh. D'fhéadfadh praghsanna níos airde feabhsú ar chaighdeán an táirge a léiriú.

**Tomhaiseann sé athruithe ar phraghsanna/ní innéacs an chostais mhaireachtála é.**
Ní thomhaiseann an OTI ach athruithe ar phraghsanna agus ní thomhaiseann sé athruithe ar an gcostas maireachtála mar nach gcuireann sé na míreanna go léir a théann i bhfeidhm ar chaighdeán maireachtála an duine san áireamh i.e. cáin ioncaim, leas sóisialach, etc.

**Ualaí seasta/**na hualaí a úsáidtear is ea iad siúd atá i bhfeidhm sa bhonnbhliain.
Athraíonn an tábhacht a bhaineann le roinnt míreanna sa bhonnbhliain le himeacht ama mar gheall ar athruithe ar phraghsanna, ar bhlas agus ar ioncam.

**3 ar 4 mharc (2+2)**

**(b)** (i) Sainmhínigh na téarmaí **boilsciú de bharr tharraingt an éilimh** agus **boilsciú de bharr costbhrú**.

(ii) *Idir 2013 agus 2016, bhí ráta boilscithe na hÉireann ar 0%, nó gar dó.* An bhfuil ráta boilscithe chomh híseal leis sin maith nó olc (a) do theaghlaigh agus (b) do ghnólachtaí? Mínigh do fhreagra i n**gach** cás.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a bhféadfadh athruithe i bpolasaí airgeadaíochta an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) dul i gcion ar an ráta boilscithe.. [30]

(i) Sainmhínigh na téarmaí **boilsciú de bharr tharraingt an éilimh** agus **boilsciú de bharr costbhrú**.

**Boilsciú de bharr tharraingt an éilimh**

Seo cineál boilscithe a tharlaíonn nuair a bhíonn méaduithe seasmhacha / leanúnacha ar éileamh comhiomlán/Nuair nach féidir leis an ngeilleagar dóthain earraí agus seirbhísí a tháirgeadh chun freastal ar an éileamh, as sin ardaíonn praghsanna/Nuair atá an t-éileamh comhiomlán níos mó ná an soláthar comhiomlán agus as sin ardaíonn praghsanna go ginearálta.

Tarlaíonn sé go hiondúil nuair atá lánfhostaíocht i ngeilleagar nó gar dó toisc gur mó seans go mbeidh méaduithe ar phraghsanna seachas aschur méadaithe mar gheall ar mhéaduithe ar éileamh

**Boilsciú de bharr costbhrú**

Tarlaíonn boilsciú de bharr costbhrú de bharr méaduithe seasmhacha / leanúnacha ar chostais táirgeachta / a tharlaíonn nuair a fhreagraíonn gnólachtaí do chostais mhéadaithe trína n-aschur a laghdú.

Méadaítear praghas díolta earraí chun an méadú ar chostais táirgeachta a chúiteamh.

**2 ar 5 mharc an ceann.**

(ii) *Idir 2013 agus 2016, bhí ráta boilscithe na hÉireann ar 0%, nó gar dó.* An bhfuil ráta boilscithe chomh híseal leis sin maith nó olc (a) do theaghlaigh agus (b) do ghnólachtaí? Mínigh do fhreagra i n**gach** cás.

**D'fhéadfadh ráta íseal boilscithe a bheith go maith – áirítear le freagraí féideartha:**

| Teaghlaigh | Gnólachtaí |
|---|---|
| **Pá ceart coimeádta**<br>Is rud maith é do theaghlaigh toisc nach raibh aon athruithe ar phraghsanna agus nár tháinig aon athrú ar fhíorluach pá. | **Iomaíochas níos fearr / easpórtálacha méadaithe**<br>Má tá an ráta boilscithe níos ísle ná ráta iomaitheoirí ansin as sin tagann buntáiste costais thar a gcuid iomaitheoirí agus d'fhéadfadh díolacháin mhéadaithe éirí as sin. |
| **Gan meath ar an gcaighdeán maireachtála**<br>Coinníonn siad luach a gcuid airgid / a gcumhacht ceannaigh ionas nach dtagann meath ar chaighdeáin maireachtála. | **Costais phá laghdaithe**<br>B'fhéidir nach mbeadh an oiread fonn ar cheardchumainn méaduithe pá a lorg, rud a chuideoidh chun costais phá a choimeád íseal. |
| **Pleanáil níos fearr**<br>Is féidir le teaghlaigh a gcostais a phleanáil agus tuilleadh airgid a chur i dtaisce. | **Infheistíocht mhéadaithe**<br>Is mó an seans go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíocht agus go leathnóidh siad de bharr costais/phraghsanna níos cobhsaí. |
| | **Pleanáil níos fearr**<br>Toisc nach bhfuil praghsanna, ná costais, ag athrú cruthaítear níos mó cinnteachta sa timpeallacht eacnamaíoch agus bíonn sé níos éasca acmhainní a leithdháileadh. |

***Nó***

**D'fhéadfadh ráta íseal boilscithe a bheith go dona – áirítear le freagraí féideartha:**

| Teaghlaigh | Gnólachtaí |
|---|---|
| **Laghdú ar chaiteachas**<br>Féadfaidh tomhaltóirí/ teaghlaigh caiteachas a chur siar mar go mbíonn siad ag súil go dtitfidh praghsanna tuilleadh sa todhchaí. | **Éileamh laghdaithe ar aschur / brabúis laghdaithe**<br>Ní thagann aon athrú ar phraghsanna mar gheall ar easpa éilimh sa gheilleagar/nuair nach mbíonn aon fhás eacnamaíoch ann (mar a tharla sa chúlú mór ó 2008 i leith). Beidh tionchar aige sin ar bhrabúis. |
| **Ualach méadaithe fiachais**<br>Cailleann iasachtaithe/ teaghlaigh mar gheall go n-ardaíonn fíorualach a bhfiach cosúil lena n-aisíocaíochtaí morgáiste. | **Ualach méadaithe fiachais**<br>Nuair a bhíonn boilsciú íseal ardaíonn an fíor-ráta úis a ghearrtar ar iasachtaí agus ardaíonn costas na n-aisíocaíochtaí dá bharr sin, rud a mhéadaíonn an t-ualach fiachais. |
| | **Dreasú laghdaithe chun leathnú**<br>D'fhéadfadh sé nach dtabharfadh ráta boilscithe an-íseal dreasacht do ghnólachtaí táirgeacht a mhéadú / leathnú toisc go bhféadfaí é a cheangal le geilleagar nach bhfuil folláin. |
| | **Gan aon laghduithe cíosa**<br>Cuireadh boilsciú san áireamh i gconarthaí cíosa sa bhorradh eacnamaíoch agus gan ach thbhreithnithe cíosa in airde amháin i gceist. Nuair a thit na praghsanna, bhí deacrachtaí móra ag gnólachtaí le cíos seasta. |
| | **Baol díbhoilscithe**<br>Tá baol díbhoilscithe ag baint le ráta boilscithe 0% agus na fadhbanna go léir a chruthaítear dá bharr cosúil le héileamh ag titim, infheistíocht laghdaithe, brabúis níos ísle etc. |

**1 tionchar ar theaghlaigh agus gnólachtaí ar 5 mharc an ceann(2+3)**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a bhféadfadh athruithe i bpolasaí airgeadaíochta an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) dul i gcion ar an ráta boilscithe.

| | |
|---|---|
| **Rátaí úis** | Má ardaíonn an Banc Ceannais Eorpach rátaí úis, tabharfaidh sé díspreagadh d'iasachtaí agus spreagfaidh sé coigiltí. Laghdóidh sé sin an ráta boilscithe. Laghdóidh praghsanna nuair a mhéadóidh rátaí úis agus dá bhrí sin laghdófar boilsciú go fadtéarmach. |
| **Soláthar Airgid** | Má fhásann an soláthar airgid níos tapúla ná an t-aschur iarbhír, ní bheidh an oiread earraí agus seirbhísí ar fáil is a bheidh d'airgead agus mar gheall air sin ardóidh boilsciú.<br>Spreagann beartas fáis airgeadaíochta éileamh agus méadaíonn sé praghsanna. |
| **Fáil ar chreidmheas** | Má bhíonn fáil níos mó ar chreidmheas, méadóidh sé sin caiteachas agus tarlóidh boilsciú méadaithe dá bharr. |

**2 phointe ar 5 mharc an ceann. (2 + 3)**

**(c)** *"Ón uair a bhí an lag trá ann go luath in 2013, tá méadú 49.1% ar phraghsanna na réadmhaoine cónaithe go náisiúnta."*

(**Foinse**: POS*, Praghasinnéacs na Réadmhaoine Cónaithe, Deireadh* Mí na Nollag 2016)

(i) Luaigh agus mínigh **trí** thoisc ba chúis le méadú suntasach ar phraghas na réadmhaoine cónaithe ó 2013 anall.

(ii) Déan plé ar dhá iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcúinse thuas.

[25]

(i) Luaigh agus mínigh **trí** thoisc ba chúis le méadú suntasach ar phraghas na réadmhaoine cónaithe ó 2013 anall.

**Áirítear le freagraí féideartha:**

**Téarnamh i bhfostaíocht agus in ioncaim / Muinín as an ngeilleagar**
Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh níos mó daoine a bheith in acmhainn réadmhaoin a cheannach, rud a mhéadódh an t-éileamh agus an praghas. Tá feabhas ar mhuinín as an ngeilleagar agus dá bhrí sin tá daoine níos toilteanaí iasachtaí a fháil arís chun réadmhaoin a cheannach.

**Easpa soláthair**
Níl dóthain réadmhaoine nua ann chun freastal ar an éileamh méadaithe. Tagann méadú ar phraghsanna mar gheall ar an easpa sin i soláthar tithe. D'fhéadfadh na costais fholaithe a bhaineann le láithreáin a fhorbairt do thógálaithe na praghsanna a chur in airde tuilleadh.

**Éileamh folaigh ar thithe**
Nuair a bhí an cúlú eacnamaíoch sa tír bhí fostaíocht agus ioncaim ag titim agus sheas daoine siar ó réadmhaoin a cheannach. Tá a mhalairt de scéal i gceist anois agus tá praghsanna méadaithe dá bharr sin.

**Costas iasachtaíochta / dreasachtaí**
Tá rátaí úis ag leibhéal an-íseal go deo agus dá bhrí sin tá sé níos saoire aisíocaíochtaí a dhéanamh ar morgáistí. Tá an rialtas ag soláthar dreasachtaí chun tithe a cheannach i láthair na huaire cosúil leis dreasachtaí cánach.

**Tá institiúidí airgeadais níos cobhsaí**
Tar éis an chúlaithe eacnamaíoch tráth ar dúnadh roinnt banc agus ar tugadh athchaipitliú do na bainc a bhí fágtha, tá institiúidí airgeadais níos cobhsaí anois agus ag tabhairt amach níos mó morgáistí.

**Uirbiú méadaithe**
Tá formhór den mhéadú náisiúnta sin ar phraghas na réadmhaoine cónaithe ag tarlú mar gheall go bhfuil na praghsanna i mBaile Átha Cliath agus i gcathracha móra eile ag dul in airde chomh mór sin. Tá sé sin ag tarlú mar gheall ar uirbiú méadaithe na tíre de réir mar a théann daoine ar thóir post agus caighdeán seirbhísí níos fearr.

**Déimeagrafaic**
Tá céatadán níos mó den daonra ag bogadh isteach san aoisghrúpa sin a bhfuil spéis acu réadmhaoin a cheannach. Nuair a chuirtear é sin agus breis fostaíochta le chéile tá éileamh níos mó ar réadmhaoin dá mbarr.

**Treoirlínte an Bhainc Ceannais**
Mhaolaigh an Banc Ceannais na ceanglais éarlaise do cheannaitheoirí céad uaire agus d'fhéadfadh sé sin borradh a chur faoi éileamh agus praghsanna a chur in airde.

**3 ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

(ii) Déan plé ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta a d’fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcúinse thuas.

Ní liosta uileghabhálach é an liosta thíos:

**Brú níos mó ar an margadh cíosa**
Beidh níos mó brú ar an margadh cíosa toisc nach mbeidh daoine in acmhainn tithe a cheannach, beidh siad fós i dtithe ar cíos.

**Méadú ar ioncam rialtais**
Gheobhaidh an rialtas níos mó ioncaim ó dhleachtanna stampála / Cáin Mhaoine Áitiúil de réir mar a théann praghsanna réadmhaoine in airde.

**Níos mó réadmhaoin á dtógáil**
D’fhéadfaí tosú ag tógáil arís má bhíonn na praghsanna tithíochta sách ard agus beidh tionchar dearfach aige sin ar fhostaíocht.

**Róbhorradh an mhargaidh réadmhaoine**
Féadfar a bheith ag súil le méaduithe breise ar phraghsanna réadmhaoine agus d’fhéadfadh borradh agus cliseadh leanúnach a bheith i margadh réadmhaoine na hÉireann dá bharr sin.

**Éileamh laghdaithe ar earraí agus ar sheirbhísí eile**
Beidh ualach ar dhaoine le cóimheas ard ioncaim/fiachais ag iarraidh réadmhaoin a cheannach ar phraghsanna níos airde. D’fhéadfadh sé seo an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí eile a ísliú.

**Easpa acmhainneachta**
D’fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt daoine in ann a dteach féin a cheannach go deo agus ní bheidh rompu ach cíos éiginnte a bheidh ag dul i méid, agus laghdófar a gcaighdeán maireachtála mar gheall ar sin.

**Tionchar ar shaibhreas**
Chuaigh luach na sócmhainní in airde. Cothromas diúltach laghdaithe, agus dá bharr sin méadófar saibhreas daoine aonair. D’fhéadfadh éagothroime i saibhreas idir réigiúin tarlú dá bharr sin mar gheall ar luachanna réadmhaoine difriúla.

**Tá seans ann go gcuirfidh sé sin drochmhisneach ar infheistíocht dhíreach eachtrach**
D’fhéadfadh réadmhaoin dhaor a bheith mar chúinse amháin a chuireann drochmhisneach ar roinnt cuideachtaí lonnú in Éirinn toisc go bhfuil sé ródhaor ag fostaithe áit chónaithe a fháil anseo.

**2 ar 5 mharc an ceann (2 + 3)**

**Marcáiltear freagraí inghlactha eile de réir a bhfiúntais**

## C7 Téarmaí / Príobháidiú / Cur le Smaointeoireacht na heacnamaíochta

**(a)** Mínigh na téarmaí seo a leanas:
Fiachas Náisiúnta / Polasaí Fioscach / Easnamh sa Bhuiséad / Seachaint Cánach. [20]

Is é an **fiachas náisiúnta** luach an fhiachais iomláin gan íoc / na n-iasachtaí atá dlite ag an stát.

**Polasaí fioscach**
Is ionann é agus aon athrú ar chaiteachas agus ar chánachas an rialtais atá ceaptha chun an caiteachas foriomlán a athrú i ngeilleagar / Úsáid as caiteachas agus cánachas an rialtais chun tionchar a imirt ar fhás eacnamaíoch/Aon ghníomh a dhéanann an rialtas a imríonn tionchar ar uainiú, méadaíocht agus struchtúr an ioncaim agus an chaiteachais reatha.

Bíonn **easnamh sa bhuiséad** nuair is mó caiteachas iomlán an rialtais ná ioncam iomlán an rialtais.

Tarlaíonn **seachaint cánach** nuair a shocraítear gnóthaí duine laistigh den dlí chun dliteanais chánach a íoslaghdú / sheachaint.

**4 ar 5 mharc an ceann.**

**(b)** *Is é atá sa Phlean Leathanbhanda Náisiúnta ná tiomantas an rialtais leathanbhanda ardluais a thabhairt go dtí gach teach cónaithe agus gnó faoin tuath in Éirinn in imeacht na gcúig bliana atá romhainn. I mí Iúil 2016, d'fhógair an rialtas go ndéanfaí an bonneagar náisiúnta seo a phríobháidiú nuair a bheidh sé tógtha.*

(i) Mínigh an téarma **príobháidiú**.

(ii) Agus tú ag tagairt d'aon sampla as Éirinn, luaigh agus mínigh na hargóintí eacnamaíochta i bhfabhar **agus** in éadan an phríobháidithe. [30]

(i) Mínigh an téarma **príobháidiú**.

Díoltar cuideachta / sócmhainn faoi úinéireacht an stáit ina hiomláine nó i bpáirt leis an earnáil phríobháideach.

**5 mharc**

(ii) Agus tú ag tagairt d'aon sampla as Éirinn, luaigh agus mínigh na hargóintí eacnamaíochta i bhfabhar **agus** in éadan an phríobháidithe.

**D'fhéadfaí iad seo a áireamh leis na hargóintí eacnamaíocha féideartha i bhfabhar:**

**Ioncam don rialtas**
D'fhéadfadh an rialtas úsáid a bhaint as an ioncam ó dhíol na sócmhainne mar chúnamh leis an leibhéal iasachtaí a laghdú amach anseo.

**Iomaíocht bhreise**
Le hiomaíocht sa tionscal, d'fhéadfaí go dtiocfadh feabhas ar na seirbhísí atá á dtairiscint do chustaiméirí agus go mbeadh praghsanna níos iomaíche ar earraí agus ar sheirbhísí mar thoradh air sin e.g. aerthaisteal in Éirinn/**Aer Tricity, Energia** i ngeall ar bhonneagar BSL a bheith príobháidithe.

**Deiseanna fostaíochta**
I gcás gnólacht nua, dá méadódh an gnólacht a sciar den mhargadh, d'fhéadfadh fás teacht faoin bhfostaíocht mar aon le cinnteacht bhreise poist do na fostaithe atá ann cheana féin e.g. **IAG ag ceannach Aer Lingus.**

**Cultúr fiontraíochta**
Le scair-úinéireacht mhéadaithe, d'fhéadfaí go dtiocfadh fás ar an gcultúr fiontraíochta taobh istigh den tír, rud a chuirfeadh leis an bhfostaíocht.

**Rochtain ar airgeadas / margaí thar lear**
Trí scaireanna breise a dhíol ar an stocmhalartán, bíonn rochtain ar airgeadas breise ag cuideachtaí príobháideacha. Is féidir le cuideachtaí leathnú thar lear agus dul in iomaíocht le haghaidh gnó thar lear.

**Dreasú níos fearr maidir leis an nuálaíocht**
D'fhéadfaí go mbeadh spreagadh breise ag fostaithe a bheith nuálach agus táirgiúlacht a mhéadú mar go bhféadfaidís luach saothair níos mó a ghnóthú as a gcuid nuálaíochta san earnáil phríobháidithe e.g. bónais ní b'airde.

**Fáil réidh le cuideachtaí a mbíonn caillteanas acu**
Trí chuideachtaí a mbíonn caillteanais acu a dhíol, baintear an t-ualach den stát agus ba cheart, ar an ábhar sin, an t-ualach ar cháiníocóirí a laghdú freisin. **Dá ndíolfadh Bus Éireann a seirbhísí Luasbhealaigh d'fhéadfaí a costais a laghdú.**

**Níos lú brú ar airgead an Rialtais**
Níl aon cheanglas breise ar an rialtas infheistíocht leanúnach a dhéanamh sa chuideachta agus is féidir leis an rialtas smacht éigin a bheith acu i gcónaí trí rialachán.

**D'fhéadfaí iad seo a áireamh leis na hargóintí eacnamaíocha féideartha ina éadan:**

**Praghsanna níos airde / caighdeáin seirbhíse níos ísle**
D'fhéadfadh caighdeán na seirbhísí a sholáthródh an chuideachta nua dul in olcas ar mhaithe le costais a choigilt. D'fhéadfaí praghsanna a mhéadú d'fhonn an t-ioncam a mhéadú.

**Caillteanas post agus cinnteacht laghdaithe poist**
D'fhéadfadh sé tarlú go gcaillfí poist de bharr cuíchóiriú seirbhísí agus d'fhéadfadh costais ní b'airde leasa shóisialaigh teacht chun cinn dá bharr.

**Caillteanas acmhainn luachmhar stáit / caillteanas brabúis bhliantúil**
Cailleann cáiníocóirí bonneagar ríthábhachtach, ar leis an stát é tráth den saol. Caillfidh an stát amach ar bhrabúis a dhéanfadh gnólachtaí brabúsacha stáit. Caillteanas rialaithe e.g. **Bord Gáis (choinnigh sé an gréasán píblíne).**

**Úinéireacht Eachtrach**
Dá ndíolfaí sócmhainn faoi úinéireacht stáit, d'fhéadfadh ceannaitheoirí thar lear a bheith ina n-úinéirí ar chuideachta Éireannach agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh rialú na sócmhainne dul lasmuigh den stát. **An Chrannchuir Náisiúnta agus Aer Lingus.**

**Costas an Díolacháin**
I rith phróiseas an phríobháidithe, ní mór don cháiníocóir na costais uile a bhaineann le hullmhú díolacháin dá leithéid, cúrsaí dlí, etc. a íoc.

**Ciorrúchán ar an méadú ar phá agus ar phinsin**
D'fhéadfadh úinéirí cuideachta nuaphríobháidithe teorainn a chur leis an méadú ar phá agus ar phinsin a bheadh dlite dá cuid fostaithe nó d'fhéadfaidís coinníollacha fostaíochta na bhfostaithe a athrú nó go mbeidís ní ba mheasa ná mar a bhíodh roimhe.

**Caillteanas seirbhísí poiblí bunriachtanacha**
D'fhéadfadh an chuideachta nuaphríobháidithe deireadh a chur leis na seirbhísí sin nach saothraíonn brabús, rud a d'fhéadfadh dul i gcion ar ghrúpaí ísealioncaim go háirithe.

**Mí-úsáid fhéideartha ar chumhacht monaplachta**
Má tá staid mhonaplachta ag an gcuideachta nuaphríobháidithe d'fhéadfadh sí mí-úsáid a bhaint as a cumhacht agus praghsanna a mhéadú.

**4 ar 5 mharc (2 + 3) + 5 mharc as tagairt d'<u>aon</u> sampla bailí.**
**Pointe amháin ar a laghad ina fhabhar AGUS pointe amháin ina éadan.**

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar na príomhsmaointe a chuir aon **triúr** de na heacnamaithe seo a leanas leis an smaointeoireacht i gcúrsaí eacnamaíochta:

(i) Adam Smith (ii) Milton Friedman (iii) Karl Marx (iv) Thomas Robert Malthus (v) John Maynard Keynes. [25]

**Adam Smith**

**Ar thóir an fhéinleasa**
Is é seo an rud is fearr a dhéanann tairbhe an duine aonair agus, dá bhrí sin, tairbhe na sochaí.

**Roinnt an tSaothair**
Táirgiúlacht mhéadaithe agus saibhreas tíre. An sampla a bhí aige; léirigh déantúsaíocht pionnaí na buntáistí atá le saothar a roinnt.

**Teoiric Saothair an Luacha**
B'ionann luach táirge agus an méid saothair a úsáideadh chun an táirge a dhéanamh.

**Cearta réadmhaoine á gcosaint ag stát**
Spreagann sé carnadh saibhris phearsanta.

**'Lámh dhofheicthe na hiomaíochta'**
Ceadaíonn sé feidhmiú margadh féinrialála a chinntíonn go ndéanfar dul chun cinn geilleagrach.

**Iomaíocht Fhoirfe**
Cead isteach saor in aisce go margaí; dóthain brabúis chun luach saothair a thabhairt d'fhiontraithe; pionós a chur ar neamhéifeachtúlacht agus praghas bunaithe ar an gcostas táirgthe. Ní leanfadh monaplachtaí.

**Laissez-faire / Idirghabháil theoranta ag an rialtas**
Níl aon chosaint ag idirghabháil an rialtais sa gheilleagar seachas cosaint/ceartas.

**Prionsabail an Chánachais**
Bhí an cánachas riachtanach chun córais chosanta / cheartais an stáit a mhaoiniú agus cheap sé ceithre phrionsabal i gcóras cánach cóir: cothromas, barainneacht, cinnteacht agus áisiúlacht.

**Paradacsa an Luacha**
Rinne sé idirdhealú idir 'luach in úsáid' agus 'luach i malartú'. Bhí áirgiúlacht an-mhór ag baint le rudaí áirithe (aer, uisce) ach ní mhalartaítear iad; is beag an áirgiúlacht a bhaineann le rudaí eile (diamaint) ach d'fhéadfadh luach mór a bheith leo i malartú.

**Tacú le Saorthrádáil**
Thacaigh sé le saorthrádáil idirnáisiúnta gan bac ó tharaifí chun go bhféadfadh margaí feidhmiú go héifeachtach agus an méid a ghnóthaítear ón trádáil a scaipeadh idir náisiúin.

## Milton Friedman

**Beartas airgeadaíochta is fabhar:**
Ba cheart gurb é seo an phríomhuirlis a úsáideann an rialtas chun an geilleagar a bhainistiú.

**Soláthar airgid a rialú go docht d'fhonn boilsciú a rialú:**
Molann airgeadaithe go mbeadh smacht ghéar ar an soláthar airgid d'fhonn boilsciú a smachtú.

**Feabhsaítear iomaíochas nuair a thagann laghdú ar bhoilsciú:**
Méadaíonn sé sin iomaíochas rud a bhféadfadh easpórtálacha méadaithe agus cruthú poist a bheith mar thoradh air go fadtéarmach.

**Prionsabal laissez faire:**
Bhí sé i bhfabhar filleadh ar phrionsabail laissez faire – gan ach fíorbheagán idirghabhála ón stát; dírialú na margaí; príobháidiú comhlachtaí stáit.

**Beartais maidir leis an taobh soláthair:**
Bhí sé i bhfabhar bheartais a chuir feabhas ar éifeachtúlacht an mhargaidh / a chuir borradh faoi sholáthar: dírialú na margaí; cumas na gceardchumann cur isteach ar an margadh saothair a laghdú.

## Karl Marx

**Teoiric Saothair an Luacha**
B'ionann luach earra agus an costas saothair a theastaigh chun an t-earra sin a tháirgeadh. Bhí an saothar sách íoctha le teaghlach a thógáil ach b'éigean d'oibrithe cúpla uair an chloig níos mó ná a bhí riachtanach a oibriú chun na costaisí seo a réiteach. Bhí an oibrí ag táirgeadh luacha / brabúis don fhostóir dó seo. Tugadh 'luach barrachais táirge' ar an luach farasbairr aschuir thar phá agus b'ionann é agus an dúshaothrú a rinne an caipitlí ar na hoibrithe. Dar le Marx nach raibh ann ach dhá fhoinse ioncaim: luach agus luach barrachais, chruthaigh oibrithe an dá cheann agus ba cheart d'oibrithe iad a choimeád.

**Dáileadh brabúis caipitlithe**
Ath-infheistíonn caipitlithe in innealra nua rud a laghdaíonn an t-éileamh ar shaothar – dífhostaíocht. Tosaíonn cúlú eacnamaíoch. Teipeann ar ghnóthaí beaga agus glacann cinn mhóra smacht ar mhargaí. Cuireann innealra dí-oiliúint ar shaothar agus iomaíocht idir oibrithe ar phoist rud a thugann deis do chaipitlithe dálaí oibre a dhéanamh níos measa agus pá a laghdú níos fuide.

**Chuirfeadh coimhlint aicmeach sóisialachas in ionad caipitleachas**
Titeann líon na bhfostóirí agus éiríonn siad níos mó. Tagann fás ar líon na ndaoine dífhostaithe. Eagraíonn siad iad féin. Tarlaíonn réabhlóid agus glacann oibrithe smacht ar an tsochaí i stát sóisialach, áit ina mbeadh ceannas iomlán acú ar gach módh táirgeachta agus ina mbeadh maoin dáilithe go cothrom.

**Dúshaothrú saothair i gcóras caipitlíoch**
Rinne Marx an argóint gur íoc fostóirí pá cothaithe / íosta lena n-oibrithe.
Bhí luach níos mó ar na hearraí arna dtáirgeadh ag oibrí ná mar a bhí ar phá an oibrí. Ghlaoigh sé **"luach barrachais**" nó **brabús** don fhostóir ar an difríocht idir an bpéire.)/ Chuaigh an "luach barrachais" a bhí táirgthe ag saothar chuig na caipitlí mar bhrabús. Léirigh sé seo go ndearnadh oibrithe a dhúshaothrú agus le himeacht aimsire go gcuirfí caipiteal ina n-ionad agus go gcaillfidís a bpoist.

## Thomas Robert Malthus

**Teoiric ar Dhaonra agus soláthar bia**
Luaigh Malthus go dtagann méadú ar an daonra de réir seicheamh iolraíoch (i.e. 2, 4, 8, 16, etc.) agus go dtagann méadú ar sholáthar bia de réir seicheamh uimhríochtúil (i.e. 2, 3, 4, 5 etc). Dá bhrí sin sháródh an daonra an gléas beatha. Chreid Malthus nach mbeadh ach cúiseanna nádúrtha in ann fás daonra iomarcach a sheiceáil i.e. cogadh, gorta agus drochbheatha.

**Teoiric ar Phá Caolmhaireachtála / diandlí an phá**
Chreid sé go dtiocfadh méadú ar an daonra de bharr aon mhéadú ar phá os cionn an leibhéil caolmhaireachtála rud as a dtiocfadh titim ar leibhéil phá go dtí an leibhéil caolmhaireachtála.

## John Maynard Keynes

**Ioncam Náisiúnta ag níos lú ná lánfhostaíocht**
Thug Keynes faoi deara go bhféadfadh an t-ioncam náisiúnta cothromaíocht a bhaint amach gan lánfhostaíocht a bhaint amach agus mhol sé dá réir sin go bhféadfadh an rialtas idirghabháil a dhéanamh le cuidiú le poist a chruthú.

**Braitheann an t-aschur ar an éileamh**
Braitheann méid an ioncaim náisiúnta ar chaiteachas i.e. C = I + G + X – M.

**B'fhearr leis idirghabháil an rialtais sa gheilleagar**
Is é an cúram atá ar an rialtas ná an geilleagar a bhainistiú.
Is féidir leis an rialtas beartas fioscach a úsáid chun lánfhostaíocht a chruthú.

**Cinntí infheistíochta déanta ag fionraithe**
Luaigh sé gur bhraith infheistíocht fiontraithe níos mó ar ionchais an lucht gnó ná ar an ráta úis.

**Coincheapa Eacnamaíocha Nua – An tIolraitheoir**
D'fhorbair sé uirlisí nua chun a chuid teoiricí a mhíniú, an t-iolraitheoir san áireamh: Tiocfaidh méadú i bhfad níos mó ar OTN mar thoradh ar aon mhéadú tosaigh ar chaiteachas toisc gurb ionann caiteachas duine amháin agus ioncam duine eile. D'fhorbair sé coincheapa cosúil le: MPC, MPM, etc.

**Teoiric Rogha na Leachtachta**
D'fhéadfadh sé gurbh fhearr le daoine áirithe a gcuid saibhris a choinneáil i bhfoirm airgid ar thrí chúis: cúiseanna beartaíochta, cúiseanna réamhchúraim agus cúiseanna amhantracha.

**Córas rátaí malairte faoi bhainistíocht**
Bhí sé i bhfabhar córais rátaí malairte a d'fhéadfadh an stát a 'bhainistiú' in ionad an órchaighdeáin.

**2 rannchuidiú ó gach eacnamaí.**

**( 5(3+2) + 4(2+2)/4(2+2) + 4(2+2)/4(2+2) + 4(2+2) )**

**An chéad fhreagra ceart: 5 mharc (3+2)**

**Gach ceann de na  fhreagairt atá fágtha ar 4 mharc an ceann (2 + 2)**

| C8 Imirce agus Eisimirce / Daonra méadaithe na hÉireann / Infheistíocht i dtithíocht shóisialta in Éirinn |
|---|

**(a)** Baineann an t-eolas thíos le sonraí a tógadh as Daonáireamh na hÉireann.

| Daonra (2011) | Daonra (2016) | An Méadú Nádúrtha (2011 -2016) | Imirce Ghlan |
|---|---|---|---|
| 4,588,252 | 4,757,976 | 198,282 | ? |

(**Foinse**: *POS, Daonáireamh 2016: Réamhthuarascáil*) [30]

(i) Mínigh na téarmaí **méadú nádúrtha** agus **imirce ghlan**.

Is ionann **Méadú Nádúrtha** agus an méid a sáraíonn na breitheanna iomlána na básanna iomlána i rith tréimhse ama.

Sainítear **imirce ghlan** agus an difríocht idir eisimirce (daoine ag fágáil tíre) agus inimirce (daoine ag teacht isteach i dtír) i rith tréimhse ama.

**2 ar 5 mharc an ceann**

(ii) Agus tú ag baint úsáide as na sonraí thuas, ríomh an imirce ghlan idir 2011 agus 2016.
**(Taispeáin do chuid oibre.)**

| Oibriú amach |
|---|
| Athrú daonra = Méadú Nádúrtha + Imirce Ghlan |
| Athrú daonra = 4,757,976 – 4,588,252 = +169,724 |
| 169,724 = 198,282 + Imirce Ghlan |
| Dá bhrí sin: 169,724 - 198,282 [1]= Imirce Ghlan |
| **–**28,558 = Imirce Ghlan |

**5 mharc**

(iii) Luaigh agus mínigh **trí** chúis a n-imíonn daoine as Éirinn ar imirce.

| Tosca brú | Tosca tarraingthe |
|---|---|
| **An cúlú eacnamaíochta in Éirinn**<br>Tá sé seo ina bhunús le méadú ar an dífhostaíocht agus tá daoine ag dul ar imirce toisc go bhfuil níos lú deiseanna poist ar fáil. | **Deiseanna poist thar lear**<br>Tá na daoine sin atá ábalta dul ar eisimirce sa tóir ar phoist sna tíortha sin ina bhfuil folúntais ann, e.g. Ceanada etc. |
| **Rátaí pá in Éirinn**<br>Tá meath ar rátaí pá in Éirinn. Is éard is ciall leis sin go bhfuil an caighdeán maireachtála ag meathlú agus tá daoine ag cuardach caighdeán maireachtála níos fearr thar lear. | **Scileanna a fhorbairt thar lear**<br>Téann roinnt oibrithe ar eisimirce lena gcuid scileanna gairmiúla a fhorbairt, agus imíonn siad chun a gcuid scileanna mar mhúinteoirí agus altraí a fhorbairt. |
| **Tobhach éagsúil ioncaim/cánacha nua**<br>Tá an caighdeán maireachtála ag dul chun donachta mar gheall ar thabhairt isteach tobhach éagsúil ioncaim/cánacha nua. D'fhéadfadh na daoine sin atá soghluaiste caighdeán maireachtála níos fearr a aimsiú thar lear. | **Caighdeán maireachtála níos fearr**<br>Tá daoine óga meallta ag rátaí pá níos fearr, cánacha níos ísle agus deiseanna níos fearr d'ardú céime a d'fhéadfadh a bheith ann dá rachaidís ar imirce. |
| | **Nós maireachtála níos fear/Líonraí Éireannacha thar lear**<br>Tá daoine áirithe ag dul ar eisimirce toisc go bhfuil siad ag súil le stíl mhaireachtála níos fearr a bhaint amach dóibh féin, b'fhéidir go measann siad go bhfuil an dearcadh níos dearfaí thar lear agus éascaíonn na pobail Éireannacha thar lear eisimirce. |
| | **Inimircigh ag filleadh ar a dtíortha dúchais**<br>Le filleadh ar a dteaghlaigh ionchais eacnamaíocha níos fearr ann etc. |

**3 ar 5 mharc an ceann (2+3)**

**(b)** *Léirigh Daonáireamh na hÉireann in 2016 gur fhás an daonra ó 2011 i leith agus go bhfuil sé os cionn 4.7 milliún anois.* Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíochta a ghabhann le daonra na hÉireann a bheith ag méadú. [25]

**Áirítear le freagraí féideartha:**

**Éileamh méadaithe ar earraí agus ar sheirbhísí / Margadh intíre níos mó do ghnólachtaí**
De réir mar atá an daonra ag méadú bíonn éileamh níos mó ar earraí agus ar sheirbhísí sa tír. D'fhéadfadh deiseanna méadaithe infheistíochta eascairt as seo. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh gnólachtaí a mhéadaíonn an t-aschur tairbhe as barainneachtaí scála.

**Brú níos mó ar sheirbhísí / úsáid níos mó á baint as seirbhísí**
D'fhéadfadh daonra atá ag dul i méid tuilleadh brú a chur ar sheirbhísí riachtanacha e.g. seirbhísí sláinte, scoileanna etc. Mar sin féin, má tá an daonra ina chónaí in áiteanna faoi thearcdhaonra bainfear úsáid níos mó as seirbhísí.

**Brú níos mó ar bhonneagar na tíre**
Bíonn brú níos mó ar bhonneagar na tíre rud a chruthaíonn scrogall tráchta e.g. tranglaim thráchta níos mó ar an M50 etc.

**Luachanna talún / ganntanas tithíochta**
De réir mar a théann dlús daonra i méid, laghdaíonn an talamh a bhíonn ar fáil agus d'fhéadfadh méadú teacht ar phraghas talún. Sna ceantair sin ina bhfuil an daonra ag dul i méid níos tapúla d'fhéadfadh sé an ganntanas tithíochta atá ann cheana féin a dhéanamh níos measa.

**Pleanáil Eacnamaíoch**
Ba cheart d'údaráis láir agus áitiúla pleanáil níos mó a dhéanamh de bharr méadú ar an daonra ar mhaithe le forbairt/soláthar seirbhísí amach anseo. Cuir i gcás nach raibh dóthain pleanála déanta i gcomhair an mhéadaithe ansin thiocfadh easnaimh chun cinn in earnálacha áirithe i.e. tithíocht, oideachas, seirbhísí sóisialta, etc.

**Caithfear machnamh a dhéanamh i straitéis fostaíochta an Rialtais ar an ngá méadaithe atá le hobair**
Rachaidh níos mó daoine ag obair agus ba chóir don rialtas tús áite a thabhairt do chruthú fostaíochta.

**Tionchar ar airgead an Rialtais (cáin agus leas sóisialach etc.)**
Ag brath ar fhoinse an fháis sa daonra beidh impleachtaí ag an daonra ag dul i méid ar ioncam cánach agus ar chaiteachas an rialtais (ar bhonneagar agus ar chaiteachas leasa shóisialaigh).

**Cóimheas an chleithiúnais (d'fhéadfadh sé seo méadú nó laghdú ag brath ar fhoinse an fháis sa daonra)**

- Má bhíonn líon méadaithe daoine sa lucht saothair laghdófar an cóimheas cleithiúnais agus beidh ioncaim méadaithe ó cháin ag an stát dá bharr sin.

***nó***

- Má thagann méadú ar an daonra mar gheall ar mhéadú sa ráta breithe tiocfaidh méadú ar an gcóimheas cleithiúnais agus beidh airgeadas breise stáit de dhíth.

**4 phointe: 7 (4 + 3) + 6 + 6 + 6 (3 + 3 i ngach cás)**

**(c)** *I mí na Nollag 2016, d'oscail an Banc Eorpach Infheistíochta buanoifig i mBaile Átha Cliath. Tá aontaithe acu iasacht a sholáthar don Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe in Éirinn chun tionscadal mór de thithíocht shóisialta a mhaoiniú in Éirinn.*
Déan plé ar na sochair shóisialta **agus** na sochair eacnamaíochta atá ag gabháil le hinfheistíocht sa tithíocht shóisialta in Éirinn. [20]

**Áirítear le freagraí féideartha:**

**Laghdú ar an easpa dídine /rátaí bochtaineachta agus díothaithe laghdaithe**
Feicfidh daoine a gheobhaidh tithe anois laghdú ar an mbochtaineacht toisc go bhfuil seoladh buan acu agus tabharfaidh sé sin deis dóibh fostaíocht a aimsiú agus caighdeán maireachtála níos fearr a bheith acu.

**Níos lú caiteachas Rialtais ar fhorlíontaí cíosa**
Má tá daoine i gcóiríocht bhuan ba cheart go gciallódh sé sin nach gcaithfidh an rialtas an oiread ar fhorlíontaí cíosa agus gur féidir an t-airgead a shábhálfar a chur ag obair i réimsí eile. Íocaíochtaí laghdaithe ón rialtas chun cóiríocht éigeandála a sholáthar.

**Socrú síos /folláine níos fearr**
Bíonn duine i bhfad níos socraithe síos nuair a bhíonn seoladh baile aige/aici, deis níos fearr pleanáil don todhchaí, misneach agus féinleas níos fearr agus caighdeán saoil i bhfad níos fearr. Beidh slándáil níos fearr acu siúd a bhogann as brúnna/árasáin bheaga ar cíos.

**Athbheochan pobal áitiúil**
Déanfar athbheochan ar na ceantair sin ina bhfuil na tithe sóisialta tógtha agus ba cheart go gcuideofaí le comharsanachtaí anásta agus an caighdeán beatha a fheabhsú sna ceantair sin.

**Buntáistí eacnamaíochta do phobail áitiúla**
Le méadú ar an daonra sna ceantair sin ina bhfuil tithíocht shóisialta tógtha ba cheart go ndéanfaí caiteachas níos mó sna ceantair sin agus as sin d'fhéadfadh deiseanna fostaíochta teacht aníos i ngnóthaí áitiúla.

**Níos lú brú ar an margadh réadmhaoine príobháidí**
Nuair a thagann méadú ar líon na ndaoine i gcóiríocht bhuan ba cheart go gciallódh sé sin go dtiocfadh laghdú ar an ngá a bheadh le cóiríocht ar cíos, go laghdófaí an t-éileamh sa mhargadh réadmhaoine príobháidí rud a bhféadfadh tionchar dearfach a bheith aige ar phraghsanna / cíos tithe.

**Fostaíocht in earnáil na tógála**
Ba cheart go dtiocfadh méadú ar fhostaíocht in earnáil na tógála. Leis sin gheobhaidh daoine a chuaigh ar eisimirce i rith an chúlaithe eacnamaíoch deis filleadh ar Éirinn arís. D'fhéadfadh méadú teacht ar líon na ndaoine a ghlacann le printíseachtaí freisin.

**Fás geilleagrach / Méaduithe ar chaiteachas**
Beidh méadú ar an éileamh ar earraí agus seirbhísí a bhaineann le tionscal na tógála a rachaidh chun sochair do sholáthraithe na n-earraí agus seirbhísí sin. As sin tiocfaidh fás geilleagrach agus beidh tionchar dearfach aige ar airgead an rialtais (fáltais mhéadaithe ÍMAT agus CBL don rialtas mar thoradh ar ghníomhaíocht mhéadaithe gheilleagrach)/Ag glacadh leis go bhfuil na tithe inacmhainne d'fhéadfadh níos mó ioncaim indiúscartha a bheith ag daoine rud lena mbeifear in ann tuilleadh caiteachais a dhéanamh.

**4 phointe ar 5 (2+3) mharc**
**Níor mhór go mbeadh 1 phointe sóisialta AGUS 1 phointe eacnamaíoch amháin ann ar a laghad.**

**CRÍOCH**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |